# An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

# Tuarascáil Bhliantúil 2013



## Rochtain ar Dhlí agus Ceart

www.legalaidboard.ie

Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

## Misean

Tá an Bord tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil, chostéifeachtúil, agus inrochtana cúnaimh agus comhairle dlí agus idirghabhála a sholáthar i gcomhréir le téarmaí ár sainordaithe reachtúil.

## Fís

Is í ár bhfís chun rochtain ar cheartas a éascú trí sheirbhís chomhairle agus chúnaimh dhlíthiúil shibhialta a sholáthar ar féidir comparáid dhearfach a dhéanamh idir í agus dea-chleachtas ar fud an domhain.

## Rudaí a bhfuil Luach againn orthu

- Ardchaighdeáin ghairmiúla i soláthar ár seirbhísí.
- Freagracht ar éilimh chustaiméirí agus chomhpháirtithe leasmhara eile a chur chun cinn agus bheith oscailte i leith athrú.
- Ardchaighdeáin eiteacha.
- Ceannaireacht éifeachtach ar gach leibhéal.
- Costéifeachtúlacht agus luach ar airgead.
- Socruithe éifeachtacha freagrachta agus béim ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus ar bainistíocht ghníomhach riosca.

## Clár Ábhar


| | ***Leathanach*** |
|---|---|
| **Forbhreathnú** | *2* |
| **Brollach ón gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach** | *6* |
| **An Bord** | *9* |
| **An Fhoireann agus Struchtúr** | *10/11* |
| **Príomhéachtaí agus Forbairtí in 2013** | *12* |
| **An tSeirbhís a Soláthraíodh in 2013** | *14* |
| **An tSeirbhís a Fhorbairt** | *38* |
| **Tacú le Seachadadh Seirbhíse** | *40* |
| **Airgeadas** | *46* |
| **Aguisín 1 – Ráitis Airgeadais** | *51* |
| **Aguisín 2 – Úsáid Fuinnimh 2013** | *72* |
| **Aguisín 3 – Liosta na nIonad Dlí** | *73* |
| **Aguisín 4 – Liosta Oifigí na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh** | *80* |

# Forbhreathnú

**Feidhm agus Cuspóir**

Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as cúnamh dlíthiúil sibhialta agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine ar acmhainn mheasartha, i gcomhréir le forálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 ("an tAcht"). Rinneadh Alt 54 den Acht a leasú leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 agus leag sin cúram breise ar an mBord seirbhís idirghabhála teaghlaigh a sholáthar. Táthar ag cur de bhreis le sainchúram an Bhoird faoi láthair, i ndiaidh chinneadh an Rialtais in 2010, chun bainistíocht agus riarachán na Scéimeanna um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil a chuimsiú ann, a bhí á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas roimhe seo. Aistríodh an fhreagracht as riar Scéim Chomhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí chuig an mBord an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus as an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta (Scéim an Ard-Aighne roimhe seo) an 1 Meitheamh 2012. Tá freagracht as riaradh Scéim Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla le haistriú chuig an mBord an 1 Eanáir 2014.

Is éard is comhairle dlí ann ná comhairle ar bith ó bhéal nó i scríbhinn a thugann aturnae nó abhcóide, lena n-áirítear litreacha a scríobh agus idirbheartaíochtaí a dhéanamh.

Is éard is cúnamh dlíthiúil ann ná nuair a dhéanann aturnae nó abhcóide ionadaíocht thar ceann duine in imeachtaí cúirte. Caithfidh duine deimhniú um chúnamh dlíthiúil a fháil ar dtús, ina sonraítear na seirbhísí dlí atá á ndeonú, agus, i gcásanna sibhialta, ní mór dó/di an ranníocaíocht um chúnamh dlíthiúil a shonraítear sa deimhniú a íoc.

Déantar seirbhísí dlí a sholáthar thar raon fairsing cúrsaí dlí shibhialta.

**1. Soláthar Seirbhíse**

Den chuid is mó, cuireann aturnaetha atá fostaithe ag an mBord comhairle dlí agus cúnamh dlíthiúil ar fáil trí líonra d'ionaid dlí. Cuireann aturnaetha atá i mbun cleachtas príobháideach seirbhís chomhlántach ar fáil. Fostaíonn an Bord iad ar bhonn cás ar chás.

Tá speisialtacht tearmainn sna hoifigí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh agus tá aonaid thiomnaithe freisin ann i mBaile Átha Cliath a bhíonn ag plé le cásanna faillí leighis agus cásanna leanaí ar baol dóibh go dtabharfaí faoi chúram an Stáit iad. Táthar ag súil leis go mbunófar aonad a dhéileálann le cásanna um dhíobháil phearsanta go luath in 2014.

Oibríonn an Bord Ionad speisialaithe Cáipéisíochta Dídeanaithe, freisin, a chuireann seirbhís ghairmiúil neamhspleách taighde agus leabharlainne ar fáil do na príomhchomhlachtaí ar fad a bhfuil baint acu sa phróiseas tearmainn.

An 1 Samhain 2011, aistríodh an fhreagracht i leith na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) go dtí an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar ordú ón Aire a thug éifeacht don Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Soláthraíonn an SIT a gcuid seirbhísí trí bhíthin seacht n-oifig lánaimseartha agus naoi n-oifig déag pháirtaimseartha.

Déanann aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha an tseirbhís a sholáthar sa dá scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil Ad-hoc atá faoi shainchúram an Bhoird faoi láthair – Scéim Chomhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí agus an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta, agus déanann an Rannóg um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil atá bunaithe in Oifig Shráid an Mhóta i mBaile Átha Cliath na scéimeanna a riaradh.

## 2. Seirbhísí Dlí a Fháil

Caithfidh duine atá ag lorg seirbhísí dlí iarratas a dhéanamh ar cheann ar bith de na hionaid dlí a leagtar amach in Aguisín 2 agus foirm iarratais a chomhlánú, ag sonrú an ábhair lena mbaineann an t-iarratas ar chomhairle dlí agus/nó ar chúnamh dlíthiúil agus ag tabhairt sonraí faoi ioncam agus acmhainní caipitil ar bith.

Tá sé mar aidhm ag an mBord a chinntiú go ndéanfar coinne le haturnae a thairiscint do dhuine atá incháilithe i gcomhair cúnamh dlíthiúil sibhialta (seirbhísí dlí) taobh istigh de thréimhse uasta ceithre mhí ón uair a dhéantar an t-iarratas a chur i gcrích. I gcásanna áirithe, cuirtear seirbhís tosaíochta ar fáil. Mar shampla, cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhaineann le hiarratais ón Stáit chun leanaí a thógáil i gcúram nó cásanna lena mbaineann teorainneacha ama atá ar tí dul in éag.

Beidh ar dhuine a lorgaíonn comhairle dlí faoi Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Stáisiúin na nGardaí a n-iarratas a dhéanamh leis an Oifigeach Coimeádta i Stáisiún na nGardaí ina bhfuil siad á choinneáil agus beidh orthu an Fhoirm Iarratais chaighdeánach a chomhlánú agus sonraí a sholáthar faoina maoin airgeadais.

Beidh ar dhuine a lorgaíonn ionadaíocht dhlíthiúil faoin Scéim Shaincheisteanna Coimeádta – Cúnamh Dlíthiúil fógra a thabhairt don Chúirt ábhartha ag an tráth is luaithe is féidir go bhfuil sé beartaithe acu rochtain a lorg ar fhorálacha na Scéime agus feidhm den Chúirt í a dheimhniú cibé acu ar cheart nó nár cheart moladh a dhéanamh don Bhord chun an rochtain sin a dheonú.

## 3. Íocaíocht as Seirbhísí Dlí

Ceanglaítear ar dhuine ar bith a ndeonaítear comhairle dlí agus/nó cúnamh dlíthiúil dó/di ranníocaíocht a dhéanamh leis an mBord. Déantar an ranníocaíocht um chomhairle dlí a mheas bunaithe ar ioncam indiúscartha an iarratasóra, i.e. ioncam tar éis asbhaintí áirithe. Déantar an ranníocaíocht um chúnamh dlíthiúil a mheas bunaithe ar ioncam indiúscartha agus ar chaipiteal indiúscartha an iarratasóra. Is é an ranníocaíocht is lú ná €30 ar chomhairle dlí agus €120 ar chúnamh dlíthiúil. Níl aon táille le híoc maidir le comhairle agus ionadaíocht i gcásanna cúram leanaí. Tugann an t-ionad dlí comhairle do dhuine faoin ranníocaíocht iarbhír i ngach cás aonair. Más rud é go ndéanann duine airgead nó réadmhaoin a aisghabháil ag eascairt ón gcás, d'fhéadfadh an Bord iarratas a dhéanamh chun an costas a bhí ar an mBord as na seirbhísí dlí a sholáthar don chliant a aisghabháil.

## 4. Seirbhísí Idirghabhála a Fháil

Ní mór do dhuine a dteastaíonn idirghabháil uaidh/uaithi iarratas a dhéanamh chuig aon cheann de na hoifigí atá leagtha amach in Aguisín 4. Ní mór don dara páirtí teagmháil a dhéanamh leis an oifig chéanna freisin, lena dheimhniú go bhfuil spéis aige/aici a bheith páirteach san idirghabháil. Nuair atá sé deimhnithe ag an mbeirt pháirtithe gur mian leo idirghabháil a dhéanamh, tairgfear coinne dóibh a luaithe agus is féidir. Tá an Bord ag déanamh iarrachta na tréimhsí feithimh sna hoifigí ar fad a choinneáil faoi uasmhéid dhá mhí. Ní ghearrfar táille ar bith ar an tseirbhís faoi láthair.

## 5. Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Déanann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an dá scéim Ad-hoc um chúnamh dlíthiúil dá dtagraítear ag tús na míre seo, a riar faoi láthair. Moltar do dhaoine atá faoi choinneáil faoi reachtaíocht áirithe i Stáisiúin na nGardaí go bhfuil an ceart acu comhairle dlí a lorg agus tharlódh go mbeidís i dteideal comhairle dlí a fháil faoi Scéim Chomhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí ar an nguthán nó ar bhonn duine

ar dhuine i Stáisiún na nGardaí. Déanann an scéim íocaíochtaí a sholáthar d'aturnaetha ar feadh líon uasta socraithe cuairteanna, ag brath ar an reachtaíocht faoinar coinníodh na cliaint. Is í an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta an dara scéim Ad-hoc atá á riaradh ag an mBord faoi láthair, a dhéanann soláthar d'íocaíocht chostais dlí tar éis don Chúirt amhlaidh a mholadh i saghsanna áirithe de dhlíthíocht nach gcuimsíonn an scéim um chúnamh dlíthiúil sibhialta nó an phríomhscéim um chúnamh dlíthiúil coiriúil. Soláthraítear breis sonraí ar na scéimeanna agus ar an toradh le haghaidh 2013 níos déanaí sa Tuarascáil.

## 6. An Cheannoifig

Tá ceannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, i gContae Chiarraí, mar a bhfuil 45 ball foirne suite. Comhlíontar cuid d'fheidhmeanna na ceannoifige ó Bhaile Átha Cliath freisin.

## 7. Rialachas Corparáideach

Déanann an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995 foráil do Chathaoirleach agus 12 chomhalta Boird a thoghadh. Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais um an dtaca sin, an tUasal Alan Shatter, T.D., an Bord reatha i Nollaig 2012. Leagtar amach ballraíocht an Bhoird reatha ar leathanach 10.

Tá an Bord reachtúil freagrach as an méid a leanas:

- treo straitéiseach na heagraíochta
- beartas a dheimhniú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm
- maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht cheart agus éifeachtach na heagraíochta
- monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus freagracht a sholáthar
- buiséid a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus
- roinnt cinntí forchoimeádta a dhéanamh.

Leanann an Bord ag cloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh a leagtar amach sa leagan nuashonraithe den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Cuimsíonn sé sin:

- ar leibhéal an Bhoird, úsáid a bhaint as sé choiste chun cúnamh a thabhairt don Bhord a gcuspóirí a bhaint amach agus a gcuid freagrachtaí a chur i gcrích go héifeachtach (féach thíos)
- deighilt shainmhínithe ar róil idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire lena gcomhlíontar ceanglais an Chóid
- feidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn go héifeachtach agus de réir mar is gá, agus
- cód iompair, a bhfuil nósanna imeachta chun déileáil le ceist choinbhleachta leasa ar bith san áireamh ann.

In 2013, reáchtáil an Bord 11 chruinniú Boird, bhí 2 cheann díobh ar bun i gCathair Saidhbhín, 1 chruinniú in OÉ, Gaillimh agus bhí 8 gcruinniú ar siúl i mBaile Átha Cliath.

**Is é seo a leanas tinreamh na 11 chruinniú in 2013:**

| Comhalta | Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh | Comhalta | Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh |
|---|---|---|---|
| Muriel Walls (Cathaoirleach) | 10 | Oonagh Mc Phillips | 9 |
| Oonagh Buckley | 5* | Donncha O'Connell | 9 |
| Mary Dalton | 8 | Micheál O'Connell | 9 |
| David Denny | 2* | John O'Gorman | 10 |
| David Garvey | 10 | Philip O'Leary | 11 |
| Kate Hayes | 10 | Michelle O'Neill | 8 |
| Joy Mc Glynn | 7 | Ger Power | 10 |

*D'éirigh Oonagh Buckey as i Meán Fómhair 2013 agus ceapadh David Denny i nDeireadh Fómhair 2013.

**Tháinig coistí an Bhoird le chéile mar seo a leanas in 2013:**

| Coiste | Líon na gCruinnithe a bhí ar siúl |
|---|---|
| An Coiste Achomhairc | 14 |
| An Coiste Airgeadais | 7 |
| An Coiste Bainistíochta Iniúchta agus Riosca | 6 |
| Coiste na nDlíodóirí | 5 |
| An Coiste Acmhainní Daonna | 3 |
| An Coiste Feidhmíochta | 1 |
| An Coiste Idirghabhála Teaghlaigh | 3 |

Baineann an Bord leas as lámhleabhar um rialachas corparáideach inmheánach chun achoimre shoiléir chuimsitheach a chur ar fáil maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le rialachas corparáideach de réir mar a théann sé i bhfeidhm ar an mBord agus ar an ardbhainistíocht. Leasaíodh an lámhleabhar rialachais chorparáidigh seo i Nollaig 2013. Cuireadh baill an Bhoird ar an eolas go hiomlán faoina gcuid freagrachtaí dlíthiúla agus tá cur amach acu ar na forálacha reachtúla a bhaineann lena bpost agus na saincheisteanna, beartais agus straitéisí eagraíochtúla príomhúla a threoraíonn a róil.

Cuimsíonn Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird ball seachtrach neamhspleách amháin, an tUasal Kieran Corcoran, ar aon dul le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Bhí íocaíocht agus neamhíocaíocht táillí le baill an Bhoird ar aon dul leis na treoirlínte ábhartha arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

# Brollach ón gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach

Is deas linn Tuarascáil Bhliantúil 2013 an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chur i láthair.

Rinneadh breis comhdhlúthú ar fheidhmeanna cúnaimh dhlíthiúil sa Bhord le bliain anuas. Aistríodh freagracht as an tríú scéim um chúnamh dlíthiúil Ad-hoc a riaradh, Scéim um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, ag deireadh na bliana. Anuas air sin, leagadh an fhreagracht ar an mBord as scéim chomhairle dlí agus um chúnaimh dhlíthiúil le haghaidh daoine muinteartha duine mhairbh faoi roinnt cúinsí sonraithe i gCúirteanna na gCróinéirí. Cuireadh pleananna chun cinn ní ba mhó i rith na bliana chun an sainchúram do na limistéir eile de chúnamh dlíthiúil a aistriú chuig an mBord. Ina measc seo tá an phríomhscéim um chúnamh dlíthiúil, na scéimeanna eile Ad-hoc agus scéim um chúnamh dhlíthiúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte. Cruthaíonn fairsingiú shainchúram an Bhoird deiseanna chun cur chuige níos comhleanúnaí a bhaint amach i leith seirbhísí a sholáthar, mar aon le bonn daingean a leagan faoi fhreagracht fheabhsaithe agus bainistíocht níos gníomhaí a dhéanamh ar acmhainní atá tiomanta do gach gné de chúnamh dlíthiúil.

Bhí nach mór an méid céanna d'éileamh ar sheirbhísí cúnaimh dhlíthiúil shibhialta i mbliana agus a bhí in 2012. Rinneadh de bhreis ar 17,500 iarratas ar ionaid dlí sa bhliain, agus is ionann seo agus breis agus 70% ná an méid a fuair an Bord ach seacht mbliana roimhe sin. Chruthaigh an leibhéal seo éilimh, anuas ar acmhainní teoranta dúshláin fhíor-mhóra, dar ndóigh, don Bhord chun na seirbhísí a raibh géarghá leo a sholáthar a thapúla agus ba mhaith linn. Bhí tréimhsí i bhfad ní ab fhaide i gceist chun coinne a fháil le haturnae ná mar ba mhian leis an mBord. Táimid thar a bheith feasach ar an gcaoi gur féidir le moilleanna ar an tseirbhís bheith mar údar le breis deacrachtaí, ní hamháin don chliant ach do leanaí, an teaghlach níos fairsinge agus an pobal, fiú. Chuireamar roinnt tionscnamh i bhfeidhm agus bhaineamar triail phíolótach astu chun tabhairt faoin tsaincheist phráinneach seo. Leanaimid le seirbhís tosaíochta a sholáthar maidir le líon limistéar a meastar a dteastaíonn seirbhís nach mór láithreach uathu; limistéir ar nós foréigean baile, fuadach leanaí agus saincheisteanna cúram leanaí eile. In 2013, b'ionann seo agus thart ar 17% de líon iomlán na n-iarratas.

Chomh maith leis sin, rinne an Bord próiseas triáise a shíneadh, a tugadh isteach den chéad uair in 2012, ina gcasfaidh aturnae le gach iarratasóir laistigh de thréimhse ghearr ama tar éis iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí. Soláthraíonn an t-aturnae comhairle dhlíthiúil ar an tsaincheist a thugtar i láthair agus cuireann siad comhairle ar an iarratasóir faoi ghníomhartha a bhféadfadh sé/sí dul ina mbun mar aon le roghanna eile a bhféadfaí tabhairt fúthu. Is é ár gcuspóir a chinntiú go bhfaightear an choinne sin laistigh de cheithre seachtaine tar éis iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí. Cé nach réiteach críochnaitheach é ar fhadhb na dtréimhsí feithimh, cur chuige atá ann lena mbaineann tuillteanais shuntasacha le haghaidh iarratasóirí mar gheall go dtugtar rochtain luath dóibh ar aturnae a chuireann ar a gcumas soiléireacht a bhaint amach ar conas is fearr a d'fhéadfaí a bhfadhb dhlíthiúil a réiteach, an t-amfhráma atá i gceist san áireamh.

Leanann aturnaetha príobháideacha a úsáid trínár Scéim Chleachtóirí Príobháideacha a bheith fíor-thábhachtach maidir le seirbhísí dlí a sholáthar do chliaint. Baineann an tseirbhís seo le roinnt ceisteanna dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche. Chuir ábhair bhuartha buiséadta teorainn ar an méid a baineadh leas as an scéim in 2013. Dá ainneoin sin, deonaíodh breis agus 5,600 deimhniúchán um chúnamh dlíthiúil ar aturnaetha príobháideacha i rith na bliana chun cur leis an tseirbhís a sholáthair an Bord d'aturnaetha. Táimid fíor-bhuíoch de thiomantas an iomaí aturnae atá ar ár bpainéal don obair seo.

Nuair a dhéantar tagairtí don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil sna meáin shóisialta, is minic a luaitear cúnamh dlíthiúil saor in aisce. Cé go bhfeidhmítear scéim um chúnamh dlíthiúil saor in aisce i measc cúrsaí coiriúla, tá ranníocaíochtaí iníoctha maidir le nach mór gach iarratas ar chúnamh dlíthiúil sibhialta. I gcaitheamh na bliana, chomhaontaigh an tAire ar thogra an Bhoird chun na ranníocaíochtaí seo a mhéadú. Tá na hacmhainní breise atá á gcruthú á ndíriú ar sheirbhís níos fearr agus níos tapúla a sholáthar, áfach. Anuas air sin, oibríonn an Bord soláthar tarscaoilte, sa chás go bhfuil coinníollacha ar leith cruatain i gceist.

Aistríodh freagracht as an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh chuig an mBord i Samhain 2011. Díríodh i dtosach ar thréimhsí feithimh a laghdú chun casadh le hidirghabhálaí agus bhí tréimhsí feithimh trí mhí nó ní ba lú i gceist le gach ionad, seachas ceann amháin, ag deireadh na bliana. Díríodh le bliain anuas ar na sineirgí féideartha idir an dá sheirbhís; cúnamh dlíthiúil sibhialta agus idirghabháil teaghlaigh. Is í an phríomhdhinimic don Bhord go mbíonn cás acu ina leagtar an bhéim ar an mbealach is fearr agus is éifeachtaí chun réiteach a aimsiú ar na fadhbanna a thagann aníos. Cé gur páirt lárnach a bheidh de shíor i rogha na gcúirteanna den tsraith próisis réitigh, tuigtear go fairsing anois nach seo an bealach is fearr, i gcónaí, chun déileáil le go leor fadhbanna teaghlaigh, go háirithe na cinn siúd lena mbaineann leanaí. I rith 2013, choimeád an tionscnamh idirghabhála i dTeach an Charnáin i mBaile Átha Cliath treise na bliana roimhe sin, ina raibh baint ag an tSeirbhís Chúirteanna, an tIonad Dlí agus an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh. Bhí ollrath ar an tionscadal seo agus bhain tuismitheoirí, leanaí, an pobal mór, na cúirteanna agus an córas um chúnamh dlíthiúil sochair as. Rinne an tionscadal breis agus 1,000 socrú a thabhairt chun críche faoi thráth luath in 2014 mar aon le coigiltí bliantúlaithe de bhreis ar €200,000 a chruthú don chóras ceartais. Ina theannta sin, bhain sé tairbhe as spreagadh gníomhach na mbreithiúna. Táimid cinnte deimhin gur próiseas sibhialta agus oiriúnach atá sa tionscnamh chun difríochtaí a réiteach i líon suntasach cásanna a bhfuil sochair aonair agus shochaíocha araon aige.

D'úsáid an Bord eispéireas Theach an Charnáin chun tionscnaimh mhionathraithe chomhtháite a chur i bhfeidhm sa Nás, Corcaigh, Luimneach agus Tiobraid Árann. Ag deireadh na bliana, bhain na pleananna ardchéim amach, chomh maith, chun tionscadal píolótach níos struchtúrtha a thabhairt isteach i gCorcaigh i rith 2014. Atreoruithe díreacha a bheidh i gceist leis seo de chuid roinnt cásanna ó na hionaid dlí ansin chuig an Ionad Idirghabhála Teaghlaigh lena chinntiú go bhfaigheann cliaint ionchasacha an ionaid dlí faisnéis ar idirghabháil.

Tá an Bord ag tnúth le foilsiú an Bhille Idirghabhála atá geallta agus tá siad muiníneach gur féidir leis cur go mór le tograí an Rialtais sa limistéar.

Lean an próiseas chun freagracht a aistriú as bainistiú na príomhscéime um chúnamh dlíthiúil coiriúil agus na scéimeanna eile Ad-hoc in 2013. D'aistrigh scéim um chúnamh dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig an mBord ag deireadh na bliana agus tá obair ar bun ar an dréachtreachtaíocht chun an phríomhscéim a aistriú chuig an mBord. Cruthaíodh éifeachtúlacht shuntasach cheana féin sna scéimeanna atá á mbainistiú anois ag an mBord.


Bhí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag oibriú go dlúth leis an mBord chun an fhreagracht a aistriú de réir a chéile as gach gné oibríochtúil de chúnamh dlíthiúil chuig an eagraíocht. Rinneadh dul chun cinn chun modh reachtaíochta a shainaithint chun aistriú scéim um chúnamh dlíthiúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte a éascú chuig an mBord agus tá súil leis go dtarlóidh seo in 2014. Is éard a bhí i gceist leis an tionscnamh ba dhéanaí a leag freagracht ar an mBord as scéim um chúnamh dlíthiúil a rachaidh chun sochair daoine muinteartha duine mhairbh faoi chúinsí áirithe i gCúirteanna na gCróinéirí.

Fáiltíonn an Bord roimh na tionscnaimh seo agus, go háirithe, roimh an gcomhleanúnachas a chruthaíonn sé i limistéar iomlán an chúnaimh dhlíthiúil. Braithimid, sa chás go leagtar an fhreagracht as an limistéar seo ar eagraíocht shingil, feabhsaítear an chreatlach rialachais a bhaineann le méid suntasach de chaiteachas poiblí.


Anuas air sin, tá an Bord íogair i leith na saincheisteanna acmhainní a bhaineann leis an réimse seirbhísí a sholáthar a sholáthraíonn siad anois agus a sholáthróidh siad amach anseo. Tuigimid, le blianta beaga anuas, go raibh caitheamh an Rialtais á rialú i measc na seirbhíse iomláine poiblí. Chruthaigh seo olldeacrachtaí don Bhord chun seirbhís thráthúil a sholáthar. D'eascair méadú suntasach as an gcúlú geilleagrach ar an éileamh ar sheirbhísí; bhí méadú de bhreis ar 70% le sonrú idir 2006 agus 2013. Cé gur thugamar líon tionscnamh isteach chun iarracht a dhéanamh chun an méadú seo a bhainistiú, níorbh leor iad lena chinntiú go soláthraítear an tseirbhís thráthúil dár gcliaint is mian leis an mBord a sholáthar. Dá ainneoin sin, tá sé ar intinn ag an mBord cur leis an dul chun cinn a rinneadh i rith 2013 maidir le seachadadh seirbhíse a bhainistiú ar bhealach costéifeachtúil agus dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le fairsingiú leanúnach ár sainchúraim.

Thaispeáin an fhoireann i ngach limistéar den Bhord olltiomantas don eagraíocht agus, go háirithe, do na cliaint. Bhí idirchaidreamh fairsing agus dearfach ar bun ar gach ceann de na tionscnaimh a tugadh isteach agus táimid an-bhuíoch as na holliarrachtaí a rinneadh lena chinntiú go soláthraítear seirbhís oiriúnach do dhaoine ar minic go mbíonn tráma orthu mar gheall ar a n-eispéireas.

Ba dheas linn ár mbuíochas a léiriú don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais as an tacaíocht leanúnach. Gabhaimid buíochas leis an Ard-Rúnaí agus lena fhoireann, ina theannta sin, as ucht a rannpháirtíochta agus tacaíochta leanúnaí.



Muriel Walls
Cathaoirleach



Moling Ryan
Chief Executive

# An Bord

Amhail an 31 Nollaig 2013:

**Muriel Walls**
Cathaoirleach

**David Denny**
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Mary Dalton**
Ionadaí Foirne

**Kate Hayes**
Bean Ghnó

**Joy McGlynn**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Oonagh McPhillips**
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**Donncha O'Connell**
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**Mícheál O'Connell**
Abhcóide

**John O'Gorman**
Ionadaí Foirne - Aturnae

**Philip O'Leary**
Aturnae

**Michelle O'Neill**
Abhcóide


**Ger Power**
An Roinn Coimirce Sóisialaí

**David Garvey**
Cuntasóir Cairte

# Foireann Feidhmiúcháin na Ceannoifige

| | |
|---|---|
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:** | Moling Ryan |
| **Stiúrthóir, Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta:** | John McDaid |
| **Stiúrthóir Acmhainní Daonna:** | Pat Fitzsimons |
| **Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha:** | Eileen Bowden |
| **Stiúrthóir, Sainseirbhísí Dlí:** | Frank Caffrey |
| **Stiúrthóir, an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT):** | Polly Phillimore |
| **Stiúrthóir Cúnta, Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil:** | Pat Gilheaney |
| **Rialtóir Airgeadais:** | Joan Enright |
| **Rúnaí an Bhoird:** | Clare Kelly |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| **Aturnaetha:** | Mason Hayes and Curran |
| **An Cheannoifig:** | Sráid an Chalaidh<br>Cathair Saidhbhín<br>Contae Chiarraí<br>Guthán: 066 9471000<br>Íosghlao 1890 615200<br>Facs: 066 9471035 |
| **Oifig Bhaile Átha Cliath:** | 47 Sráid an Mhóta Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>Guthán: 01 6441900<br>Facs: 01 6623661 |
| **Láithreán Gréasáin:** | www.legalaidboard.ie |

# Struchtúr


An Bord Reachtúil
An Príomhfheidhmeannach
An Leas-Stiúrthóir
Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil
An Stiúrthóir Oibríochta Cúnamh Dlíthiúil Sibhialtaí
Oibríochtaí an Ionaid Dlí
Forbairt Beartais um Chúnamh Dlíthiúil
Seachadadh Seirbhíse agus Bainistíocht Riosca agus Feidhmíochta
An tAonad um Fhaillí Leighis
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna
Seirbhísí Tacaíochta Acmhainní Daonna
Foghlaim agus Forbairt
An Clár um Athrú Eagraíochtúil
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
Seirbhísí Tacaíochta Corparáidí
Seirbhísí Dlí
An tAonad Airgeadais
Bainistíocht Réadmhaoine
Beartas um Bainistíocht Riosca
An Stiúrthóir Sainseirbhísí Dlí
Painéil Chleachtóirí Príobháideacha
Gníomhartha i leith an Bhoird
Seirbhísí Dlí Chúirt na gCróinéirí
An tIonad um Cháipéisíocht Dídeanaithe
An tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise
Stiúrthóir na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh (FMS)
An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

# Príomhéachtaí agus Forbairtí in 2013

Fuair an Bord breis agus 17,500 iarratas ar sheirbhísí dlí shibhialta in 2013, figiúr a bhí nach mór mar an gcéanna le figiúr 2012.

Tháinig laghdú 2% ar líon na gcliant nua a chláraigh le Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe an Bhoird, ar aon dul leis an laghdú le blianta beaga anuas ar an líon daoine a raibh tearmann á lorg acu sa tír seo.

Phróiseáil an líonra ionaid dlí breis agus 17,300 cás, ar laghdú beag é seo anuas ó 2012. Tháinig méadú 12% ar líon na gcásanna cúram leanaí.

Tháinig brú méadaitheach ar thréimhsí feithimh le haghaidh coinne le haturnae i gcásanna um chúnamh dlíthiúil sibhialta in 2013 mar gheall ar éileamh méadaitheach agus na srianta ar acmhainní an Bhoird. Lean saincheist na hinrochtana ar sheirbhísí tráthúla dlí bheith dúshlánach in 2013. B'ionann an tréimhse feithimh ar an gcéad choinne le haturnae i gcás saincheisteanna seachas iad siúd a meastar atá ina gcásanna tosaíochta agus breis agus ceithre mhí i 16 ionad dlí an Bhoird ag deireadh na bliana.

Lean an Bord le seirbhís tosaíochta a sholáthar, áfach, sa chás gur mheas siad gur theastaigh seirbhís láithreach nó nach mór láithreach. Ina measc seo bhí cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhain le hiarratais ón Stáit chun leanaí a thógáil i gcúram agus cásanna lena mbaineann teorainneacha ama atá ar tí dul in éag.

Lean an Bord le húsáid leanúnach a bhaint as cleachtóirí príobháideacha chun cabhrú le líon na gcliant a laghdú a bhí ag feitheamh le seirbhísí dlí. Oibríonn an tseirbhís chleachtóra phríobháidigh, faoi láthair, le haghaidh roinnt saincheisteanna um an dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche, cé go bhfuil roinnt srianta i bhfeidhm ar chúiseanna buiséadta. Leagadh srian ar an Scéim go mbíonn baint ag cleachtóirí príobháideacha i gceisteanna colscartha agus idirscartha sa Chúirt Chuarda ar mhaithe le cúiseanna buiséadta.

I gcaitheamh 2012, thug an Bord cur chuige 'triáise' isteach i líon dá n-ionaid dlí. Lean seo ar aghaidh isteach in 2013. Is í aidhm an chuir chuige triáise a chinntiú go bhfaigheann gach iarratasóir méid áirithe de chomhairle dlí go tráthúil (laistigh de mhí amháin, faoi láthair). Mar gheall air sin, leag na tréimhsí feithimh maidir le roinnt ionad an tréimhse feithimh le haghaidh coinne thriáise, mar aon leo siúd le haghaidh an dara comhairliúchán (sa chás go meastar go dteastaíonn sé).

Rinneadh mórdhul chun cinn le linn na bliana ar chóras cuimsitheach chun cásanna dlí a bhainistiú (EOS) a chur i bhfeidhm a cuireadh ar fáil ar fud an líonra ionad dlí i Lúnasa 2012 agus déantar obair uile dhlí an Bhoird a bhainistiú seachas cásanna tearmainn ar an gcóras nua. Ceadaíonn an córas seo solúbthacht agus éifeachtacht níos mó san úsáid a bhaintear as acmhainní soláthar foirne an Bhoird.

I dtaobh caiteachais ar chúrsaí um chúnamh dlíthiúil de, b'ionann an caiteachas ar Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Stáisiúin na nGardaí in 2013 agus €3.4 milliún anuas ó €3.5 milliún in 2012, agus b'ionann an caiteachas ar Scéim Chomhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí in 2013 agus €0.8 milliún, anuas ó €0.9 milliún in 2012 agus €1.2 milliún in 2011.

Déanann an tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, a achtaíodh in Iúil 2013, foráil do chúnamh nó comhairle dlí a sholáthar do dhaoine muinteartha duine mhairbh faoi roinnt cúinsí sonraithe i gCúirteanna na gCróinéirí. Tá an Bord leis an scéim a bhainistiú.

Laghdaíodh tréimhsí feithimh le haghaidh seirbhísí ón tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh go dtí 3 mhí nó níos lú i ngach ionad seachas dhá ionaid. B'ann do mhéadú de bhreis ar 10% ar líon na lánúineacha a chomhaontaíonn chun dul i mbun idirghabhála agus cuireadh 837 comhaontú chun críche i rith na bliana.

Lean an tionscnamh idirghabhála píolótach in 2013 in áitreabh na Cúirte Dúiche Teaghlaigh i mBaile Átha Cliath, a bunaíodh in 2011 mar chuid de réiteach díospóidí teaghlaigh nach raibh bunaithe sa chúirt a chur chun cinn ag an mBord. Tugtar faisnéis maidir le freastal ar idirghabháil do dhaoine atá i láthair ag an gCúirt Dúiche i ndáil le díospóidí teaghlaigh. Tá sé mar ghné lárnach go mbíonn idirghabhálaithe ar an láthair san fhoirgneamh céanna, lena gcuimsítear rochtain éasca ar an bpróiseas seo. Thug athbhreithniú a rinneadh le linn na bliana le fios go ndearnadh glanchoigilt bhliantúlaithe breis agus €200,000. Leanann an tionscnamh ar siúl i gCorcaigh agus sa Nás chomh maith.

B'ionann cistiú an Státchiste le haghaidh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil in 2013 agus €33.759 milliún Áiríodh leis seo foráil le haghaidh na seirbhísí traidisiúnta dlí a sholáthraíonn an Bord, agus don tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh a tháinig faoi chuimsiú shainchúram an Bhoird i Samhain 2011. Anuas air sin, áiríodh foráil do chostais riartha na scéimeanna Ad-hoc um chúnamh dlíthiúil coiriúil. Tháinig méadú beag ar na leibhéil soláthair foirne aníos go dtí 368 coibhéis lánaimseartha (an SIT san áireamh) aníos ó 363 in 2012.

Bhí an Bord ina n-óstach ar a gcomhdháil bhliantúil dlí teaghlaigh i Meitheamh 2013 in OÉ, Gaillimh. Ba é téama na comhdhála 'An bhfreastalaíonn próiseas reatha na gcásanna cúram leanaí sa chóras cúirte ar leas an linbh?' Labhair roinnt cainteoirí ardphróifíle ag an gcomhdháil ar ghnéithe éagsúla de dhlí sibhialta in Éirinn agus thar lear.

# An tSeirbhís a Soláthraíodh in 2013

Mar gheall ar shainchúram sínte an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, cuireann an Bord seirbhísí ar fáil sna limistéir a leanas:

- Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta
- Seirbhísí Tearmainn
  - An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe
  - An tIonad Cáipéisíochta Dídeanaithe
- Idirghabháil Teaghlaigh
- Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

# Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta

Lorg breis agus 17,500 iarratasóir seirbhísí dlí ó ionaid dlí an Bhoird in 2013 agus bhain nach mór 16,900 díobh seo le ceisteanna eile seachas le tearmann. Cuirtear seo i gcomparáid le figiúr níos lú ná 10,200 le haghaidh ceisteanna neamhthearmainn in 2007. Lean laghdú ag teacht ar éileamh ar sheirbhísí tearmainn agus chuir seo ar chumas an Bhoird roinnt acmhainní a athúsáid.

Cuimsíonn an saghas fadhbanna a gcuireann an Bord seirbhísí dlí ar fáil dóibh tromlach limistéir an dlí shibhialta, ach in 2013, áfach, amhail a tugadh faoi deara ó bunaíodh an Bord i 1980, lorg tromlach na n-iarratasóirí seirbhísí maidir le fadhbanna teaghlaigh.


B'ionann agus thart ar 22,300 líon iomlán na gcásanna inar sholáthair an Bord seirbhísí dlí in 2013. Ba laghdú beag seo ar an líon lenar déileáladh in 2012.

**Éileamh ar an tseirbhís**

Léiríonn an tábla a leanas an líon daoine a rinne iarratas ar sheirbhísí ar an mBord in 2013 agus sna ceithre bliana roimhe sin.

**Tábla 1: Líon na nIarratasóirí**


| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ginearálta | 16,851 | 16,870 | 18,657 | 17,175 | 14,073 |
| Ceisteanna tearmainn agus gaolmhara | 708 | 725 | 979 | 1,448 | 2,298 |
| **Iomlán** | **17,559** | **17,595** | **19,636** | **18,623** | **16,371** |




Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil do gach iarratasóir. Ní leanann roinnt iarratasóirí a n-iarratas nuair a dhéantar coinne a chur ar tairiscint dóibh.

Léiríonn an phíchairt thíos an neas-mhiondealú ar iarratais de réir shaghas an cháis.

**Cairt 1: Céatadán na n-iarratas de réir shaghas an cháis 2013**




## Ionaid dlí

Cuireadh cúnamh agus comhairle dlí ar fáil trí ionaid dlí ghinearálta an Bhoird i 17,304 cás in 2013, ar laghdú beag seo ar 2012, amhail a thugtar faoi deara sa tábla thíos. Leagtar faisnéis chomhparáideach amach don dá bhliain roimhe seo i dTábla 2 thíos.


**Tábla 2: Cásanna a láimhseáladh in ionaid dlí**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | 17,304 | 17,652 | 17,825 | 16,632 | 16,170 |

***Cásanna cúnamh agus comhairle dlí***


I mblianta roimhe seo, rinne an Tuarascáil Bhliantúil idirdhealú idir cásanna um chúnamh dlíthiúil agus comhairle dlí. Rinneadh seo ar bhonn 'pointe ama' agus go réalaíoch, ba dhóchúil go ndearnadh cásanna cúnaimh de go leor de na cásanna a tuairiscíodh mar chásanna comhairle, an bhliain ina dhiaidh sin. Ar an gcúis sin, ní dhéanann an Tuarascáil seo an t-idirdhealú sin. Léiríonn Cairt 1 thíos gurb é an dlí teaghlaigh an príomhlimistéar i gcónaí ina gcuireann an Bord seirbhísí dlí ar fáil. As na cásanna a láimhseáladh in 2013, bhí beagnach 85% díobh i limistéar an dlí teaghlaigh.

**Cairt 2: Cásanna 2011-2013**




Tugtar i gCairt 3 thíos miondealú níos mionsonraithe maidir leis na príomh-shaincheisteanna ar soláthraíodh seirbhísí dlí dóibh in 2013. Is dóchúil gur tugadh comhairle chomh maith ar líon suntasach cásanna idirscartha agus colscartha, chomh maith, ar cheisteanna ar nós cothabhála, foréigean teaghlaigh, agus leas leanaí. Ní dhéantar an chomhairle bhreise sin a thaifeadadh anseo ar leithligh. Ar a bharr sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur minic go ndéanann iarratasóirí iarratas ar sheirbhísí dlí maidir le, mar shampla, foréigean teaghlaigh agus coimeád/rochtain, nó coimeád/rochtain agus cothabháil. Ar mhaithe leis an gcairt seo, catagóiríodh iarratasóir ar shaincheisteanna iolracha dlí teaghlaigh maidir leis an bpríomhcheist dá lorg siad seirbhísí dlí.

## Cairt 3: Cásanna de réir Ábhair 2013




### *Tréchur cásanna*

Amhail is féidir a thabhairt faoi deara ó Thábla 3 thíos, bhí méadú le sonrú ar an líon cásanna nua a glacadh sa líonra ionaid dlí in 2013, cé go bhfuil an líon cásanna nua a glacadh fós níos lú ná mar a bhí sé le blianta beaga anuas.

**Tábla 3: Cásanna nua in ionaid dlí (gan tearmann a áireamh)**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cásanna Nua** | 6,650 | 5,831 | 7,506 | 7,069 | 7,240 |

Is fiú a thabhairt faoi deara, i Lúnasa 2012, d'aistrigh an Bord chuig córas nua bainistíochta cáis TF-bhunaithe agus rinneadh na córais bhainistíochta sonraí a athrú, dá bharr sin, agus aistríodh na sonraí chuig an gcóras nua. San fhadtéarma, ba cheart go n-eascródh sonraí níos fearr agus níos iontaofa as seo.


### *Fad cásanna*

Soláthraítear i dTábla 4 thíos próifíl aoise na gcásanna ar cuireadh seirbhísí dlí ar fáil iontu in 2013. Tugann an bhliain le fios cathain a rinneadh an t-iarratas ar sheirbhísí dlí den chéad uair. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go raibh moill shuntasach ama i gceist go dtí go bhfuair an duine a gcéad choinne le haturnae.

**Tábla 4: Cásanna a láimhseáladh in 2013; an bhliain a osclaíodh an comhad**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | Roimh-2011 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon** | 3,984 | 5,336 | 3,951 | 4,033 | **17,304** |

**Cairt 4: Líon na ndeimhniúchán um Chúnamh Dlíthiúil a d'eisigh Ionaid Dlí de réir Ábhair 2013**




### *Cúnamh dlíthiúil*

Deonaíodh 3,882 deimhniúchán um chúnamh dlíthiúil (údaraithe chun tús a chur le himeachtaí sa Chúirt) do dhaoine a ndearna aturnaetha ionad dlí ionadaíocht dóibh i rith 2013. Tugtar i gCairt 4 miondealú ar cheisteanna ar deonaíodh deimhniúcháin um chúnamh dlíthiúil dóibh i gcaitheamh na bliana.

Baineann na sonraí seo le cásanna a láimhseáil ionaid dlí amháin. Is féidir teacht ar shonraí ar an líon deimhniúchán um chúnamh dlíthiúil a eisíodh do dhaoine a ndearna cleachtóirí príobháideacha ionadaíocht dóibh níos déanaí sa mhír seo.

### *Cásanna a tugadh chun críche*

As na 17,304 cás lenar déileáladh sna hionaid dlí in 2013, rinneadh 4,934 (29%) a chríochnú roimh dheireadh na bliana. Tugtar i dTábla 5 thíos, próifíl aoise ar na cásanna siúd a críochnaíodh in 2013 de réir ábhair.

**Tábla 5: Cásanna a críochnaíodh in 2013; an fad ama a bhí siad ar oscailt**

| | <1 Bhliain | 1-2 Bhliain | 2-3 Bliana | 3+ Bliain | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Colscaradh/idirscaradh/neamhniú | 93 | 451 | 700 | 941 | **2,185** |
| Cúram leanaí | 93 | 187 | 118 | 68 | **466** |
| Dlí teaghlaigh eile | 271 | 566 | 326 | 166 | **1,329** |
| Neamhbhainteach le dlí teaghlaigh | 125 | 387 | 241 | 201 | **954** |
| **Iomláin** | **582** | **1,591** | **1,385** | **1,376** | **4,934** |

Is léir ón tábla sin gur gnách go dtógann sé níos faide cásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe a chur i gcrích ná an chuid is mó d'ábhair dlí teaghlaigh eile. Bhí thart ar 43% de chásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe a cuireadh i gcrích in 2013 ar siúl ó thráth ní ab fhaide ná trí bliana, i gcomparáid le 15% de na cásanna cúram leanaí agus 12% de cheisteanna eile dlí teaghlaigh.

***Cásanna idir lámha***

Tugann Tábla 6 thíos an stádas maidir le gach ceann de chásanna gníomhacha an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2013.

**Tábla 6: Cásanna a bhí gníomhach amhail an 31 Nollaig 2013**

| Stádas | Líon na gCásanna |
|---|---|
| Seirbhísí comhairle | 5,079 |
| Faisnéis tugtha d'abhcóidí | 595 |
| Imeachtaí eisithe | 2,758 |
| Á éisteacht | 2,946 |
| Orduithe deiridh déanta | 853 |
| Athiontráil/á achomharc | 139 |

Cabhraíonn an saghas seo faisnéis leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn cásanna trí phróiseas na cúirte.

**Cleachtóirí Príobháideacha i gCúrsaí Dlí Teaghlaigh**

Fostaíonn an Bord cleachtóirí príobháideacha (CPanna) chun seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil a sholáthar, rud a chomhlánaíonn an tseirbhís a chuireann ionaid dlí ar fáil. Tugann an tseirbhís seo cúnamh don Bhord chun na tréimhsí feithimh a choinneáil chomh gearr agus is féidir. Feidhmíonn an tseirbhís CP, faoi láthair, i gcomhair cúrsaí a bhaineann le dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche (ar nós cásanna foréigean teaghlaigh, cothabhála, caomhnóireachta agus coimeádta/rochtana). Cuireadh an scéim go mbíonn baint ag cleachtóirí príobháideacha i gceisteanna colscartha agus idirscartha sa Chúirt Chuarda ar fionraí, go héifeachtach, ar chúiseanna buiséadta. Tá roinnt srianta i bhfeidhm, chomh maith, ar an bhfáil atá ar Scéim na Cúirte Dúiche.

Tugtar miondealú i dTábla 7 ar líon na ndeimhniúchán um chúnamh dlíthiúil a deonaíodh sa chaoi go bhféadfadh aturnaetha i gcleachtas príobháideach agus atá ar phainéil an Bhoird ionadaíocht a dhéanamh sna Cúirteanna Dúiche agus Cuarda.

**Tábla 7: Deimhniúcháin CP a deonaíodh**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Dúiche | 5,640 | 5,077 | 44,854 | 5,220 | 3,921 |
| An Chúirt Chuarda | 0 | 5 | 8 | 59 | 91 |
| **Iomlán** | **5,640** | **5,082** | **4,862** | **5,279** | **4,012** |

Bíonn an t-aga moille íocaíochta sin i bhfad níos lú i gcás deimhniúchán a dheonaítear i leith chásanna na Cúirte Dúiche, áit a réitítear iad i bhfad níos tapúla de ghnáth. Anuas air sin, níl sna táillí a íoctar le cleachtóirí príobháideacha as cásanna sa Chúirt Dúiche ach 10-15% de na táillí atá iníoctha as cásanna sa Chúirt Chuarda.

**Tráthúlacht na Seirbhíse**

Bhí brú mór ar thréimhsí feithimh ar sheirbhísí dlí mar gheall ar an méadú a tháinig ar an éileamh le blianta beaga anuas. Tugadh líon tionscnamh isteach chun tabhairt faoin tionchar a imrítear ar iarratasóirí a íoslaghdú. Ba é an ceann ba shuntasaí díobh seo tabhairt isteach leanúnach an chuir chuige 'triáise' i líon ionaid dlí. Is í aidhm an chuir chuige triáise a chinntiú go bhfaigheann gach iarratasóir méid áirithe de chomhairle dlí go tráthúil.

Leagann an tábla a leanas amach líon na ndaoine a bhí ag feitheamh an 31 Nollaig 2013 agus ar an dáta céanna le ceithre bliana anuas le seirbhísí dlí le haturnae.

**Tábla 8: An líon daoine ar liostaí feithimh**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| An líon atá ag feitheamh | 5,067 | 5,014 | 4,443 | 3,153 | 2,228 |

Cuimsítear 1,817 duine i bhfigiúr 2013 a fuair coinne thriáise agus 3,250 duine nach bhfuair coinne le haturnae go fóill.

Leagtar amach na huastréimhsí feithimh i seachtainí, amhail an 31 Nollaig 2013, do na hionaid dlí éagsúla i dTábla 9 thíos. Ní mór a thabhairt faoi deara nach dtaispeántar sa tábla seo ach na tréimhsí feithimh ag pointe áirithe ama. Beidh tréimhsí feithimh ag éirí níos faide agus níos giorra, ag brath ar an éileamh agus ar chumas gach ionaid dlí coinní a thairiscint do chliaint nua.

**Tábla 9: Tréimhsí feithimh (míonna) amhail an 31 Nollaig 2013**

| Ionad Dlí | Ginearálta – Ionaid dlí nach bhfuil triáis á hoibriú acu | Tréimhse feithimh le haghaidh coinne thriáise | Tréimhse feithimh bhreise sa chás gur tugadh coinne thriáise roimhe seo |
|---|---|---|---|
| Baile Bhlainséir | 4 | | |
| Sráid Brunswick | | 8 | 3 |
| Cluain Dolcáin | | 1 | 8 |
| Fionnghlas | | 9 | 0 |
| Sráid Ghairdinéir | | 0 | 20 |
| Tamhlacht | | 2 | 13 |
| Cé Pope | | 8 | 8 |
| An Meal Theas | | 12 | 2 |
| Baile Átha Luain | | 7 | 0 |
| Caisleán an Bharraigh | | 2 | 7 |
| An Cabhán | | 3 | 2 |
| Dún Dealgan | 4 | | |
| Inis | | 10 | 5 |
| Gaillimh - Sráid Phrionsiais | | 5 | 14 |
| Gaillimh – Teach Seville | | 2 | 3 |
| Cill Chainnigh | | 1 | 11 |
| Leitir Ceanainn | | 3 | 17 |
| Luimneach | 9 | | |
| An Lonfort | | 4 | 4 |
| Muineachán | 4 | | |
| An Uaimh | | 4 | 6 |
| An tAonach | | 1 | 6 |
| Droichead Nua | | 1 | 19 |
| Port Laoise | | 8 | 14 |
| Sligeach | | 2 | 12 |
| Trá Lí | 4 | | |
| Tulach Mhór | 4 | | |
| Port Láirge | 6 | | |
| Loch Garman | 11 | | |
| Cill Mhantáin | 2 | | |

**Seirbhís Tosaíochta**

Lean an Bord le seirbhís tosaíochta a sholáthar sa chás gur mheas siad gur theastaigh seirbhís láithreach nó nach mór láithreach. In 2013, bhí thart ar 17% de na chéad choinní le haghaidh ceisteanna ar tugadh tús áite dóibh. Ina measc seo bhí cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cásanna a bhain le hiarratais ón Stáit chun leanaí a thógáil i gcúram agus cásanna lena mbaineann teorainneacha ama atá ar tí dul in éag.

I dteannta na gcásanna ar tugadh tosaíocht dóibh sna hionaid dlí, rinneadh an chuid ba mhó de na cásanna a atreoraíodh chuig aturnaetha ar phainéil chleachtóirí príobháideacha an Bhoird a atreorú díreach tar éis don duine iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil go luath ina dhiaidh sin.

**An Coiste Achomhairc**

In 2013, tháinig Coiste Achomhairc an Bhoird le chéile 14 n-uaire. Is fochoiste reachtúil den Bhord é seo agus rialaíonn siad ar chásanna, áit a ndéanann duine achomharc i gcoinne chinneadh na feidhmeannachta. Baineann an chuid is mó de na cásanna a thagann os a gcomhair le cinntí chun cúnamh dlíthiúil a dhiúltú.

Éisteadh le 156 achomharc in 2013. As na hachomhairc ar éisteadh leo in 2013, seasadh le cinneadh na feidhmeannachta in 116 cás. B'ann do 38 achomharc inar aisiompaíodh an bunchinneadh. Tugtar léiriú ar an gcás i dTábla 10 thíos.

**Tábla 10: An Coiste Achomhairc**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcinntí ar seasadh leo | 116 | 138 | 102 | 85 | 98 |
| - Critéir airgeadais | 12 | 29 | 21 | 25 | 24 |
| - Critéir thuillteanais | 104 | 109 | 81 | 60 | 74 |
| Líon na gcinntí a cuireadh ar ceal | 38 | 28 | 22 | 36 | 36 |
| Líon na n-achomharc ar láimh | 1 | 0 | 4 | 5 | 2 |
| Aistarraingthe/réitithe | 1 | 6 | 7 | 5 | 3 |
| Líon na n-achomharc | 156 | 172 | 135 | 131 | 139 |

# Cásanna samplacha – Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta

**Colscaradh**

Ghníomhaigh Ionad Dlí le haghaidh fear céile in imeachtaí colscartha. Bhí na páirtithe ag cur fúthu amach óna chéile in áiteanna éagsúla ar feadh go leor blianta agus bhí an bheirt pháirtithe sách aosta. Ní raibh aon duine de leanaí an phósta ina gcleithiúnaithe. Ní raibh aon duine de na páirtithe ag oibriú ag tráth na n-imeachtaí. Ba í an t-aon saincheist sa díospóid teach an teaghlaigh a bhí faoi sheilbh gan mhorgáiste agus ina raibh cónaí ar an mbean chéile ar feadh go leor blianta. Rinne an bheirt pháirtithe comhaontú ar neasluach na maoine sular tugadh an tsaincheist os comhair na Cúirte. Thug roinnt de na leanaí fásta fianaise nár chabhraigh le cás an chliaint. Bhain an fhianaise go príomha le hiompar le linn an phósta. I gcaitheamh na héisteachta, dheimhnigh an cliant gurbh í an rogha ab fhearr an cheist a réiteach trí shocraíocht le haghaidh suim ar leith agus thit idirbhearta amach as ar eascair gur chomhaontaigh an cliant chun glacadh le suim arbh ionann í agus thart ar 1/3 de luach na maoine. Is éard a bhí i gceist leis an gcomhaontú ná gur aistríodh scair úinéireachta na maoine chuig líon de na leanaí. Dheonaigh an Breitheamh, ina dhiaidh sin, an colscaradh a lorgaíodh agus rinneadh Orduithe i dtaca leis an maoin sna téarmaí ar ar chomhaontaigh an bheirt pháirtithe.

**Coimeád/Rochtain**

Máthair leanaí óga a bhí idirscartha óna n-athair. Ba chaomhnóir dlíthiúil an t-athair ach ar leanbh amháin. Bhí gné thrasteorann i gceist sa chás. Bhí imeachtaí um fhuadach linbh i gceist ach réitíodh iad seo sách tapa agus tugadh na leanaí ar ais chuig an dlínse seo agus bhí siad ag cur fúthu sa dlínse seo lena n-athair nuair a tháinig na saincheisteanna coimeádta/rochtana os comhair na Cúirte.

Tugadh roinnt buarthaí le fios maidir le sláinte pháirtí amháin agus bhí roinnt buarthaí sóisialta i gceist chomh maith. I dteannta dearbhú leighis a lorg faoi na saincheisteanna sláinte, cheap an Breitheamh caomhnóir-ad-litem chun fiosrúchán a dhéanamh agus chun a dheimhniú céard a shíl sí a rachadh chun leasa na leanaí. Rinne an caomhnóir-ad-litem roinnt moltaí a raibh an Breitheamh sásta glacadh leo. Is éard a bhí sna moltaí ná go mbeadh comhchoimeád na leanaí ag an mbeirt tuismitheoirí agus leagadh amach socruithe soiléire maidir leis an bpríomháit ar cheart do na leanaí cónaí ann agus cé mhéid ama ar cheart dóibh caitheamh leis an tuismitheoir eile. Tá an dealramh air gur chruthaigh an tOrdú, a rinneadh le toiliú na beirte páirtithe, dúshláin do na páirtithe chun cloí leis, mar gheall go gcónaíonn siad anois i bhfad amach óna chéile agus go bhfuil impleachtaí airgeadais i gceist i dtaobh na leanaí a thabhairt chuig teach gach tuismitheora agus iad a bhailiú ó na tithe sin. Tá an teaghlach níos fairsinge anois ag tacú go mór leo agus chabhraigh seo leo agus rinneadh dul chun cinn suntasach chun socruithe rathúla a dhéanamh díobh i measc na bpáirtithe uile atá i gceist, agus na leanaí, ach go háirithe.

**Idirscaradh**

Ghníomhaigh ionad dlí do chliant aosta a raibh mac aici a bhí ag plé le hidirscaradh. Thug an cliant toiliú roimhe seo dá mac agus dá hiníon chéile chun síneadh a thógáil ar a teach, áit a raibh cónaí ar an gcliant ar feadh go leor blianta, agus thug siad faoi oibreacha sách móra. Lorg iníon chéile an chliaint, sna himeachtaí idirscartha, go ndíolfar an mhaoin. Bhí an cliant páirteach mar pháirtí leis na himeachtaí. D'éist cúirt achomhairc leis an gceist a dheimhnigh go raibh an cliant, a mac agus a hiníon chéile i dteideal scair 1/3 sa mhaoin agus go raibh an cliant i dteideal ceart cónaitheachta sa mhaoin ar feadh a saoil. Bhí an cliant sásta sa mhéid gur dhearbhaigh sé a cuid riachtanais chóiríochta don chuid eile dá saol agus gur fhág sé leas ar féidir léi a thabhairt dá leanaí/garleanaí.

**Coimeád/Caomhnóireacht**

Ghníomhaigh Ionad Dlí d'athair níos aosta de leanbh a bhí sách óg. Bhí saincheisteanna suntasacha cleithiúnais ag máthair an linbh agus ag pointe amháin, bhí sé beartaithe ag FSS an leanbh a glacadh faoina gcúram agus tháinig siad a fhad leis an gcliant le fiafrú de an bhféadfadh sé cúram a thabhairt dá mhac, agus bhí sé lánsásta amhlaidh a dhéanamh le tacaíocht óna theaghlach níos fairsinge. Rinneadh orduithe éagsúla sa Chúirt Dúiche, lena n-áirítear orduithe maidir le coimeád agus caomhnóireacht. Níor choimeád an mháthair i dteagmháil leis an leanbh. Roinnt ama ina dhiaidh sin, ba shoiléir nach raibh an cliant ainmnithe ar theastas breithe an linbh agus ba ag an bpointe seo gur lorg an cliant cúnamh dlíthiúil.

Ba riachtanach imeachtaí a thabhairt chuig an gCúirt Chuarda, agus bhíothas in ann tástálacha DNA a ordú a dhearbhaigh an atharthacht. Sa chúirt, d'fhógair an breitheamh gurbh é an cliant athair an linbh agus d'ordaigh sé go n-athchlárófaí an bhreith lena léiriú fíor-atharthacht an linbh agus rinneadh an t-athchlárú idir an dá linn.

Ar an drochuair, rinneadh an cliant a dhiagnóisiú le galar a chruthaigh go raibh sé ní ba thábhachtaí go réiteofaí na saincheisteanna i dtaca le clárú na breithe ionas go bhféadfadh sé pé socruithe a dhéanamh a d'fhéadfadh sé d'fhonn go mbeadh sé in ann caomhnóir tiomnach ina uacht chun gníomhú mar chaomhnóir an linbh i gcás a bháis.

# Seirbhísí Tearmainn

In 2013, rinneadh Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe an Bhoird (SDD) a chomhtháthú go hiomlán isteach sa líonra ginearálta ionaid dlí agus seirbhísí dlí maidir le ceisteanna tearmainn, cosanta coimhdí agus soláthraíodh ceisteanna gaolmhara inimirce agus díbeartha ó na hIonaid Dlí ag Margadh na Feirme (Baile Átha Cliath), Cé Pope (Corcaigh), agus Teach Seville, Bóthar na nDuganna Nua (Gaillimh). Soláthraíonn an fhoireann sna hoifigí seo seirbhísí in obair a bhaineann leis an tearmann agus i gceisteanna ginearálta sibhialta chomh maith. Bunaíodh na hoifigí tiomanta tearmainn i 1999 ag tráth nuair a bhí méadú ag teacht ar na líonta a bhí ag lorg tearmainn agus ina raibh borradh ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí dlí sa limistéar seo ar an gcuma chéanna. In 2001, lorg thart ar 5,700 duine comhairle dlí ón mBord maidir le saincheisteanna tearmainn. Tháinig laghdú ar an líon seo, áfach faoi bhun 1,000 in 2011 agus tá an líon seo fanta faoin bhfigiúr sin ó shin i leith. B'ionann an líon daoine a lorg seirbhísí dlí le haghaidh tearmainn anuraidh agus 708. Ba laghdú 2% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Léiríonn líon an chláraithe leis an mBord le haghaidh seirbhísí tearmainn figiúr 75% díobh siúd a lorg tearmann sa Stát in 2013. Tá an figiúr seo macasamhail figiúr na bliana 2012.

**Tábla 11: Iarratais ar Thearmann**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Clárú an SDD | 708 | 725 | 979 | 1,448 | 2,298 |
| Iarratais ar an OCID | 946 | 956 | 1,290 | 1,939 | 2,691 |

As na cliaint nua a chláraigh leis an tseirbhís in 2013, bhí seirbhísí ag teastáil ó thart ar 48% díobh don chéad chéim den phróiseas tearmainn, agus bhí seirbhísí ag teastáil ón gcuid eile acu le haghaidh achomharc nó ceisteanna gaolmhara eile.

***Mionaoisigh***

Lean an Bord le hAonad Leanaí tiomanta a bheith acu atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath chun déileáil le hiarratais tearmainn a dhéanann mionaoisigh gan tionlacan. Cuireadh oiliúint speisialaithe ábhartha ar na baill foirne san aonad. Tá caidreamh dea-fhorbartha idirghníomhaireachta ag an Aonad le hOifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe (OCID) agus Gníomhaireacht Linbh agus Teaghlaigh TUSLA a mbíonn cruinnithe rialta ar bun acu leo chun dul i ngleic le saincheisteanna ar comhspéis leo. Sa mhullach ar aighneachtaí réamhagallaimh a réiteach le haghaidh leanaí scartha, soláthraíonn an tAonad seirbhísí dlí do na cliaint seo maidir le rianú teaghlaigh agus athaontú teaghlaigh.

***Deimhniúcháin um chúnamh dlíthiúil***

Dheonaigh an Bord 365 deimhniúchán um chúnamh dlíthiúil i gcásanna tearmainn anuraidh chun ionadaíocht os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD) a chumasú. B'ionann é sin agus laghdú suntasach ar an bhfigiúr 450 deimhniúchán a eisíodh in 2012, ar laghdú é seo ar fhigiúr 649 in 2011. Déanann an BAD cinneadh maidir le hachomhairc na n-iarrthóirí tearmainn nár mhol Oifigeach an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe a n-iarratas ar stádas dídeanaithe. Sa tábla a leanas, taispeántar an miondealú idir líon na ndeimhnithe ina raibh ionadaíocht curtha ar fáil ag aturnaetha SDD agus ag aturnaetha/abhcóidí príobháideacha, a bhí ag gníomhú thar ceann an SDD.

**Tábla 12: Deimhniúcháin SDD a deonaíodh**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Aturnaetha SDD | 122 | 171 | 210 | 548 | 876 |
| Aturnaetha príobháideacha ar Phainéil SDD | 197 | 231 | 360 | 310 | 601 |
| Abhcóidí faoi theagasc an SDD | 46 | 47 | 79 | 155 | 532 |
| **Iomlán** | **365** | **449** | **649** | **1,013** | **2,009** |

***Cosaint Choimhdeach***

Ní dhearnadh iarratais ar chosaint choimhdeach go dtí seo ach faoi chúinsí inar diúltaíodh tearmann d'iarratasóir. Go dtí 2013, ní dhearnadh iad ach i scríbhinn amháin. Dheimhnigh cinneadh na hArd-Chúirte sa chás *MM v an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí* an 23 Eanáir 2013 nach raibh sé cuí nach mbeadh an deis riamh ag iarratasóir ar chosaint choimhdeach chun a gcás a dhéanamh ó bhéal nó chun dul i ngleic le saincheisteanna buartha a d'fhéadfadh teacht chun solais i rith a n-éilimh ar thearmann ó bhéal. Ba í freagairt an Stáit chun an próiseas a leasú chun breithniú a dhéanamh ar éilimh ar chosaint choimhdeach. Rinne siad amhlaidh tríd an bhfeidhm a aistriú chun breithniú a dhéanamh ar na héilimh chuig Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe, tríd an deis a thabhairt do gach iarratasóir dul faoi agallamh ag an Oifig sin agus an deis a thabhairt do gach iarratasóir ar dhiúltaigh an Coimisinéir um Iarratais ó Dhídeanaithe cosaint choimhdeach dóibh chun an cinneadh sin a achomharc leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Mar fhreagairt ar an athrú seo a tháinig ar an bpróiseas, leasaigh an Bord a dtéarmaí agus coinníollacha le haghaidh cleachtóirí príobháideacha le comhairle dlí a cheadú i gcásanna cosanta coimhdí os comhair an OCID agus an BAD ag cleachtóirí príobháideacha. D'eagraigh an Bord oiliúint speisialaithe, a sholáthair an UNHCR do gach cleachtóir príobháideach ar an bpainéal le haghaidh saincheisteanna tearmainn agus gaolmhara. Ina theannta sin, bhí baint ag Aonad Taighde agus Faisnéise an Bhoird i soláthar na hoiliúna seo.

***Athbhreithniú breithiúnach i gceisteanna tearmainn***

Chuir an Bord tús le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcás tearmainn amháin in 2013. Is éard a bhí sa chás ná agóid Bhaile Átha Cliath II inar cuireadh i gcoinne Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe agus an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá próiseas ann ina ndéantar iarrachtaí chun ceisteanna a réiteach idir na comhlachtaí ábhartha sna cásanna ábhartha sula dtéitear i mbun na n-imeachtaí.

***Gáinneáil***


Go déanach sa bhliain 2009, thosaigh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ag soláthar seirbhísí dlí a bhaineann le ceisteanna áirithe do dhaoine ar aithin Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (BNAGSI) iad mar íospartaigh fhéideartha de gháinneáil ar dhaoine faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008. Leasaíodh an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 in 2011 chun soláthar na seirbhísí sin a éascú.

Níl aon ghá ann chun teidlíocht airgeadais nó critéir thuillteanais an Bhoird a shásamh do na cásanna seo agus ní gá d'íospartach féideartha na gáinneála ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Cuireann fostaithe an Bhoird a bhfuil oiliúint speisialaithe faighte acu i leith ceisteanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine an tseirbhís ar fáil.

Tugann an tseirbhís comhairle thosaigh do dhaoine a aithnítear mar íospartaigh fhéideartha den gháinneáil ar dhaoine maidir lena gcearta faoin dlí. Cuirtear seirbhísí dlí ar fáil, freisin, d'íospartaigh amhrasta na gáinneála ar dhaoine a bhféadfadh a bheith ina bhfinnéithe in ionchúisimh a tionscnaíodh faoi fhorálacha sonraithe den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008.

Faoi dheireadh 2013, thug BNAGSI fógra faoi 81 íospartach féideartha na gáinneála ar dhaoine don Bhord, chláraigh naonúr díobh i rith 2013. Ag deireadh na Nollag 2013, bhí 58 cliant fós cláraithe mar chliaint an Bhoird i dtaca le gáinneáil ar dhaoine. As na 58 cliant, b'fhir ceathrar díobh agus ba mhná 54 díobh, ba dhaoine fásta 56 díobh agus ba mhionaoisigh beirt díobh. Léirítear cuspóir gáinneála na 58 cliant sa chairt agus sa tábla thíos.

**Cairt 5: Gáinneáil ar Dhaoine**




**Tábla 13 – Cuspóir na Gáinneála**

| Cuspóir na Gáinneála | |
|---|---|
| Dúshaothrú Gnéasach | 37 |
| Dúshaothrú Saothair | 16 |
| Ní Fios | 3 |
| Gnéasach agus Saothar | 2 |
| **Iomlán** | **58** |

# Cásanna Samplacha – Tearmann

**Cosaint Choimhdeach**


Bhí cónaí ar iarratasóir tearmainn ó thír a bhí thíos le cogadh san Afraic Thuaidh in Éirinn ó 2009 i leith. Tugadh roinnt saincheisteanna creidiúnachta chun solais i rith a hiarratais ar thearmann. Chas an cliant lena haturnae agus chun plé a dhéanamh ar na torthaí diúltacha creidiúnachta roimhe seo a rinneadh ina leith, torthaí na tástála anailíse ar theanga san áireamh a thug le fios nárbh as an tír di a dúirt sí. Bhí an cliant in ann mínithe réasúnta a thabhairt maidir leis na neamhréitigh líomhnaithe chreidiúnachta agus anailíse teanga. Ghlac a hagallóir leis na mínithe seo, ina dhiaidh sin, a mhaígh go raibh fíor-riosca ina leith i dtaobh céasta nó caitheamh mídhaonna nó táireach nó pionóis. Glacadh leis gurbh ionann an cás ina tír agus cás de choimhlint idirnáisiúnta nó inmheánach faoi airm agus gur neamhchomhraiceoir a bhí inti. Maíodh gur bhain foréigean neamhairdiúil an leibhéal sin amach go raibh forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh riosca i leith an chliaint, dá bhfillfeadh sí, go hiomlán mar gheall uirthi a bheith i láthair, i leith bheith faoi réir fíor-bhagairt aonair ar a saol nó a pearsa. Chomh maith leis sin, deimhníodh nach mbeadh fáil ar chosaint an Stáit agus nach raibh athlonnú inmheánach ina rogha don iarratasóir. Dá réir sin, deonaíodh cosaint choimhdeach di in Éirinn.

# An tIonad Cáipéisíochta do Dhídeanaithe

Is seirbhís neamhspleách atá san Ionad Cáipéisíochta Dídeanaithe (ICD) a fheidhmíonn faoi scáth an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Is é príomhról an Ionaid seirbhís taighde agus fiosrúcháin oibiachtúil a chur ar fáil do na heagraíochtaí lárnacha a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn, ag díriú go háirithe ar Fhaisnéis faoi Thíortha Bunaidh (FTB). Is féidir leis an bpobal i gcoitinne agus le gníomhaireachtaí eile úsáid a bhaint as an Ionad Cáipéisíochta Dídeanaithe freisin chun a gcuid taighde féin a dhéanamh. Bíonn dlúthchaidreamh oibre ag an ICD le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (ACNAD).

In 2013, chuir Seirbhís Fiosrúcháin an ICD freagra ar fáil ar 1,131 fiosrúchán ar an iomlán. Léirigh seo laghdú 19% ar 2012. Ar an meán, bhain thart ar 70% de na fiosrúcháin le Faisnéis faoi Thír Bhunaidh, agus bhí na 30% eile roinnte idir fiosrúcháin dlí/ghar-dhlí agus fiosrúcháin leabharlainne. Ba í Poblacht Dhaonlathach an Chongó an tír aonair lenar bhain an líon ba mhó fiosrúchán in 2013. Leagtar amach na príomhthíortha a ndearnadh iarratais ina leith i gCairt 6 thíos.

**Cairt 6: Fiosrúcháin an ICD 2013**



Tugtar sampla gairid den saghas faisnéise arna hiarraidh sna fiosrúcháin a fuarthas thíos:

- Foréigean i leith ban i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.
- Pósadh socraithe agus éigeantais sa tSín.
- Caitheamh le hiarrthóirí ar theip orthu tearmann a fháil ar fhilleadh dóibh chuig an Eiritré.
- Caidreamh Críostaí-Moslamach san Éigipt.
- Eisiamh ag an dlí den ghrúpa reiligiúnach Ahmaid ó fhreastal ar áiseanna oideachais sa Phacastáin.
- Athlonnú inmheánach le haghaidh chomhaltaí an MDC sa tSiombáib.
- Faisnéis ar an Chhatra Shibir Ioslamach sa Bhanglaidéis.
- Caitheamh leo siúd a meastar gur fia-chailleacha iad agus an fháil atá ar chosaint na bpóilíní sa Mhaláiv.
- Saghsanna na fianaise ag binsí coireanna cogaidh.

Lean an ICD ag dlúthoibriú leis an OCID (Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe) agus le húsáideoirí eile na seirbhíse in 2013, féachaint le comhoibriú a neartú agus freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla na n-úsáideoirí. Bhain tábhacht ar leith le soláthar an FTB a shaindearadh chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn ó nósanna imeachta nua coimhdeacha a tugadh isteach go déanach in 2013.

Foilsíodh dhá eagrán de thréimhseachán an ICD, *The Researcher* in 2013, agus cuireadh ar fáil iad go hinmheánach agus do na gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha. Rinneadh 89 pacáiste faisnéise an FTB ar ábhair speisialaithe a réiteach agus a nuashonrú i gcaitheamh 2013.

Thit gníomhaíochtaí oiliúna amach i gcaitheamh 2013 i limistéir an FTB agus ar úsáid leabharlann leictreonach an ICD agus bunachar sonraí an FTB (Ríomhleabharlann). Anuas air sin, cuireadh oiliúint ar fáil don phainéal coimhdeach nuabhunaithe san OCID, don SDD agus do chleachtóirí príobháideacha agus do chomhaltaí nuacheaptha den Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Lean obair thionscadail Líonra an FTB i limistéar na hoiliúna in 2013. Cuireadh cúrsaí foghlama cumaiscthe ar fáil sa bhaile agus go hidirnáisiúnta do ghrúpaí de ghníomhaireachtaí tearmainn Éireannacha agus idirnáisiúnta. Ghlac an ICD páirt i dtrí thionscadal idirnáisiúnta maidir le FTB Leighis agus Tairseach FTB na hEorpa. Rinneadh iarratas rathúil ar Chiste Dídeanaithe na hEorpa chun bunachar sonraí FTB an ICD a nascadh le Tairseach FTB na hEorpa in 2012, agus tosaíodh an tionscadal seo in 2013.

# Idirghabháil Teaghlaigh

I Samhain 2011, aistríodh an fhreagracht i leith na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) go dtí an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar achtú an Achta um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.

Tá an SIT ina seirbhís saor in aisce atá faoi rún ina gcabhraíonn idirghabhálaí gairmiúil leo siúd atá bainteach i gcliseadh teaghlaigh agus, go háirithe, lánúineacha atá i mbun idirscartha nó colscartha, atá pósta agus nach bhfuil pósta, chun téarmaí a n-idirscartha nó a gcolscartha a phlé. Chomh maith leis sin, tá fáil ar an tseirbhís le haghaidh lánúineacha comhghnéis atá i mbun idirscartha, nár chónaigh riamh le chéile cheana nó fiú nach raibh caidreamh acu le chéile ach go bhfuil leanbh acu. Cabhraíonn an t-idirghabhálaí le daoine chun cumarsáid níos fearr a dhéanamh lena chéile ar mhaithe lena leanaí agus lena gcinntí féin comhaontaithe agus feasacha a bhaint amach maidir le cuid de na saincheisteanna nó iad go léir. Déileálann an SIT le líon beag cásanna lena mbaineann coimhlint idir baill eile de theaghlach (m.sh. tuismitheoirí agus leanaí, leasleanaí agus leanaí uchtaithe, seantuismitheoirí agus garleanaí, deartháireacha agus deirfiúracha atá bainteach i ndíospóidí maidir le tuismitheoirí scothaosta, uachtanna etc.).

Is seirbhís náisiúnta sheirbhísbhunaithe í atá lonnaithe i 16 láthair; tá 7 n-oifig lánaimseartha ann Cé Urumhan i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Baile Bhlainséir, Ráth Eanaigh agus Tamhlacht agus tá 9 n-oifig pháirtaimseartha oscailte le haghaidh idirghabhála idir 2 agus 3 lá sa tseachtain.

Ó rinneadh cuid den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil díobh i Samhain 2011, leagadh béim an-tréan ar liostaí feithimh na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh a laghdú ar bhonn náisiúnta lena chinntiú go gcuireann an tseirbhís sin leis an tseirbhís a chuireann ionaid dlí an Bhoird ar fáil agus nach bhfuil daoine atá ag iarraidh cúrsaí a réiteach trí idirghabháil ag fanacht níos faide ná idir dhá agus trí mhí ar choinne le hidirghabhálaí agus baineadh seo amach den chuid ba mhó in 2013.

**Tábla 14: Tréimhsí feithimh ar choinne le hIdirghabhálaí**

| Ionad | Tréimhsí Feithimh (míonna) amhail Dheireadh na Nollag 2013 | Tréimhsí Feithimh (míonna) amhail Dheireadh na Nollag 2012 | Tréimhsí Feithimh (míonna) amhail Dheireadh na Nollag 2011 | Tréimhsí Feithimh (míonna) amhail Dheireadh na Nollag 2010 |
|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath:** | | | | |
| *Ardán Phort an Iarla* | * | 4 | 3 | 6 |
| *Cé Urumhan* | 3 | | | |
| *Baile Bhlainséir* | 3 | 3 | 6 | 4 |
| *Ráth Eanaigh* | 2 | 3 | 4 | 4 |
| *Tamhlacht* | 3 | 3 | 4 | 6 |
| Baile Átha Luain | 2 | 2 | 3 | 3 |
| Caisleán an Bharraigh | 3 | 2 | 2 | 6 |
| Corcaigh | 3 | 5 | 1 | 9 |
| Dún Dealgan | 1 | 3 | 3 | 4 |
| Gaillimh | 3 | 3 | 3 | 6 |
| Leitir Ceanainn | 3 | 2 | 3 | 3 |
| Luimneach | 4 | 3 | 3 | 5 |
| Port Laoise | 4 | 2 | 4 | 4 |
| Sligeach | 2 | 3 | 4 | 6 |
| Trá Lí | 3 | 2 | 3 | 6 |
| Port Láirge | 2 | 2 | 2 | 6 |
| Loch Garman | 3 | 3 | 4 | 6 |

* Athlonnaíodh Oifig Ardán Phort an Iarla go Cé Urumhan i Márta 2013.

Ríomhtar na tréimhsí feithimh ón dáta a dhearbhaíonn an bheirt pháirtithe gur spéis leo freastal ar idirghabháil go dtí an dáta a dhéantar a gcéad choinne a chur ar tairiscint dóibh.

Tháinig méadú de bhreis ar 10% ar an líon lánúineacha a chomhaontaigh chun tabhairt faoi idirghabháil in 2013 i gcomparáid le 2012. Tá an méadú suntasach a tháinig ar ionaid Bhaile Bhlainséir agus Thamhlachta, a thugtar faoi deara sa tábla thíos, mar gheall go ndearnadh oifigí lánaimseartha den dá oifig sin in 2013.

**Tábla 15: Líon na lánúineacha a chomhaontaíonn chun tabhairt faoi idirghabháil in 2012 agus 2013**

| Ionad | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Ardán Phort an Iarla | * | 330 |
| Cé Urumhan | 225 | * |
| Tamhlacht | 191 | 77 |
| Baile Bhlainséir | 240 | 158 |
| Ráth Eanaigh | 95 | 87 |
| Baile Átha Luain | 75 | 89 |
| Caisleán an Bharraigh | 88 | 70 |
| Corcaigh | 133 | 178 |
| Dún Dealgan | 80 | 82 |
| Gaillimh | 146 | 138 |
| Leitir Ceanainn | 48 | 36 |
| Luimneach | 170 | 131 |
| Port Laoise | 114 | 98 |
| Sligeach | 48 | 44 |
| Trá Lí | 65 | 62 |
| Port Láirge | 98 | 73 |
| Loch Garman | 85 | 69 |
| **Iomlán:** | **1,901** | **1,722** |

* Athlonnaíodh Oifig Ardán Phort an Iarla go Cé Urumhan i Márta 2013.

# Soláthar Seirbhíse an SIT

**Tábla 16: Soláthar seirbhíse an SIT in 2013**

| Ionad | Cásanna a Tugadh Anonn ó 2012 | Freastal ar an gCéad Seisiún Idirghabhála | Comhaontú Bainte Amach | An % a Bhain Comhaontú Amach | Tugtha Anonn chuig 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath:** | | | | | |
| *Ardán Phort an Iarla** | 133 | 206 | 77 | 23% | 104 |
| *Tamhlacht* | 25 | 149 | 79 | 45% | 87 |
| *Baile Bhlainséir* | 88 | 199 | 88 | 31% | 84 |
| *Ráth Eanaigh* | 23 | 81 | 62 | 60% | 23 |
| Baile Átha Luain | 19 | 56 | 25 | 34% | 22 |
| Caisleán an Bharraigh | 25 | 52 | 28 | 39% | 18 |
| Corcaigh | 52 | 128 | 68 | 38% | 70 |
| Dún Dealgan | 22 | 74 | 66 | 69% | 14 |
| Gaillimh | 52 | 128 | 75 | 42% | 76 |
| Leitir Ceanainn | 15 | 33 | 13 | 27% | 17 |
| Luimneach | 65 | 119 | 55 | 30% | 73 |
| Port Laoise | 39 | 55 | 41 | 44% | 26 |
| Sligeach | 23 | 33 | 35 | 78% | 7 |
| Trá Lí | 33 | 60 | 36 | 42% | 23 |
| Port Láirge | 12 | 67 | 66 | 66% | 22 |
| Loch Garman | 21 | 50 | 23 | 32% | 30 |
| **IOMLÁN** | **647** | **1,288** | **837** | **43%** | **696** |

* D'aistrigh Ionad Ardán Phort an Iarla chuig Cé Urumhan i Márta 2013.

**2013 (Achoimre)**

Tugadh 647 lánúin anonn ó 2012.

D'fhreastail 1,288 lánúin ar a gCéad Seisiún Idirghabhála in 2013.

Ba é líon iomlán na lánúineacha in Idirghabháil in 2013 1,935 – laghdú 17 lánúin ó 2012. Astu siúd, bhain 837 (43%) comhaontú amach (36% in 2012). Tugadh 696 lánúin sa phróiseas idirghabhála anonn go dtí 2014.

In 2013, bhain 79% de na lánúineacha a bhí ag iontráil sa phróiseas idirghabhála comhaontú amach nó d'fhan siad sa phróiseas (bhain 837 Comhaontú amach, lean 696 as 1,935 sa phróiseas). Cuirtear seo i gcomparáid le 65% in 2012.

**Tionscnamh trípháirteach Theach an Charnáin**

Cuireadh tús leis an tionscnamh trípháirteach seo idir an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tSeirbhís Chúirteanna atá bunaithe ar an suíomh ag oifigí na Cúirte Dúiche i dTeach an Charnáin, Baile Átha Cliath 2 i Márta 2011. I ndiaidh atreorú, go príomha ag an tSeirbhís Chúirteanna i dTeach an Charnáin, tugtar na chéad choinní do dhaoine a léiríonn spéis in idirghabháil agus, tar éis gur fhreastail an dara páirtí ar sheisiún faisnéise agus go bhfuil an bheirt pháirtithe sásta leanúint le hidirghabháil, tugtar an chéad chomhchoinne idirghabhála agus féadtar tús a chur leis an bpróiseas idirghabhála.

In 2013, soláthraíodh faisnéis ar idirghabháil do 1,935 duine aonair (1,722 in 2012), bhí 906 seisiún idirghabhála ar bun (867 in 2012) agus baineadh amach breis agus 408 socrú ar cheisteanna a bheadh tugtha os comhair Breitheamh Dúiche murach sin (374 in 2012). B'ionann na glanchoigiltí a cruthaíodh don earnáil Cheartais ar an iomlán in 2013 ag eascairt ón tionscnamh agus breis agus €200,000.

Anuas ar an nglansochar airgeadais, tá breis sochar ag eascairt ón tionscnamh a bhféadfadh fiú breis tábhachta baint leo. Ina measc seo tá braistint de chomhúinéireacht ar shaincheisteanna agus ar réitigh a sholáthar do pháirtithe i gcoimhlint agus dóchúlacht níos mó ann i leith cloí ag an mbeirt pháirtithe; caidreamh níos bisiúla a chothú idir na páirtithe a bhaineann le saincheisteanna maidir leis na leanaí agus leis na sochair iarmharacha do leanaí, na tuismitheoirí, go leor córais Stáit agus, ar deireadh, an tsochaí; réiteach níos tapúla a bhaint amach ar shaincheisteanna agus, ar an ábhar sin, dóchúlacht níos lú a bheith ann go leanfaidh ceisteanna a bheith san áireamh arís eile i liostaí cúirte, faoi mar is gnách faoi láthair.

Seo a leanas na staitisticí carnacha do Sheirbhís Idirghabhála Teaghlaigh Theach an Charnáin in 2013:

| | |
|---|---|
| Arna fhreastal ar na Chéad Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 1124 |
| Arna fhreastal ar an Dara Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 690 |
| Arna fhreastal ar Sheisiúin Idirghabhála: | 906 |
| Comhaontuithe: | 408 |

**Tionscnamh Chúirt Dúiche an Náis**

Ag oibriú leis an tsamhail a bunaíodh i dTeach an Charnáin, chuir an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus an tSeirbhís Chúirteanna i gCúirt Dúiche an Náis tús le tionscadal ar a raibh a mhacasamhail de struchtúr a bhí ag oibriú ó Theach Cúirte an Náis ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh. Lean an tionscadal seo i gcaitheamh 2013. Tá fáil ar idirghabhálaí an SIT ag oibriú sa Teach Cúirte ar bhonn in-situ ar an Luan agus an Mháirt agus déantar atreoruithe agus coinní tosaigh trí Chléireach na Cúirte Dúiche. A luaithe a dhéantar agus a fhreastalaítear ar an gcéad choinne faisnéise agus, déanann an t-idirghabhálaí SIT teagmháil leis an dara páirtí agus coinne faisnéis a chur ar tairiscint dóibh. Más spéis don bheirt pháirtithe leanúint leis an idirghabháil, cuirtear tús leis an bpróiseas. Sa chéad chuid de 2013, ní raibh fáil ar an idirghabhálaí ach lá amháin sa tseachtain ach méadaíodh seo go dtí dhá lá ó Mheán Fómhair 2013 i leith.

Mar seo a leanas a bhí na staitisticí don bhliain:

| | |
|---|---|
| Arna fhreastal ar na Chéad Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 85 |
| Arna fhreastal ar an Dara Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 59 |
| Arna fhreastal ar Sheisiúin Idirghabhála: | 75 |
| Comhaontuithe: | 16 |

**Tionscadal Idirghabhála Teaghlaigh Chorcaí (Cúirt Dúiche)**

Ó Mheán Fómhair 2012, d'oibrigh an SIT/an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tSeirbhís Chúirteanna le chéile chun tionscadal cúirtbhunaithe a bhunú i gCorcaigh. Cuireadh tús leis seo in Eanáir 2013. Tá sé difriúil ó thionscadail Theach an Charnáin agus an Náis sa mhéid nach bhfuil spás ag an SIT sa Teach Cúirte féin ach go bhfuil fáil orthu chun atreoruithe a ghlacadh le haghaidh faisnéise ón Teach Cúirte san oifig atá acu i gCorcaigh sa Mheal Theas – siúlóid deich nóiméad trasna na habhann.

Mar seo a leanas a bhí na figiúirí a d'fhreastail ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013:

| | |
|---|---|
| Arna fhreastal ar na Chéad Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 131 |
| Arna fhreastal ar an Dara Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 103 |
| Arna fhreastal ar Sheisiúin Idirghabhála: | 181 |
| Comhaontuithe: | 41 |

Tháinig cuid de na hatreoruithe ó aturnaetha agus ó ionaid dlí, mar aon leis an tSeirbhís Chúirteanna. Tá tuarascáil agus moltaí ar an tionscadal á n-ullmhú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil gach ceann de na tionscnaimh chúirtbhunaithe thuas teoranta do pháirtithe a dhéanann iarratas ar orduithe Coimeádta, Rochtana, Cothabhála agus Caomhnóireachta.

**SIT Luimnigh/Ionad Dlí an Aonaigh**

Ón 1 Meán Fómhair 2013 i leith, soláthraíodh seisiúin faisnéise do chliaint triáise, atreoruithe cúirte agus daoine a shiúil isteach ag Teach Cúirte an Aonaigh ar an gcéad agus an tríú Déardaoin sa mhí agus i dTeach Cúirte Chluain Meala ar an dara Máirt den mhí. Mar seo a leanas atá na staitisticí le haghaidh Thionscadal Píolótach Thiobraid Árann Thuaidh 2013:

| | |
|---|---|
| Arna fhreastal ar na Chéad Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 33 |
| Arna fhreastal ar an Dara Seisiúin um Faisnéis Teagmhála: | 18 |
| Coinní le haghaidh idirghabhála: | 16 |

**Oiliúint Idirghabhála Teaghlaigh an SIT/OÉ, Má Nuad**

Tá oiliúint idirghabhála gairmiúla na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh creidiúnaithe ag OÉ, Má Nuad [Institiúid Edward Kennedy] mar chuid den Máistreacht in Idirghabháil agus Idirghabháil Choimhlinte. Féadtar an Teastas Iarchéime in Idirghabháil Teaghlaigh agus Idirghabháil Choimhlinte a bhronnadh ar mhic léinn a ghlacann leis an dá mhodúl Idirghabhála Teaghlaigh, modúl amháin teoiriciúil agus socrúchán leis an SIT, (de naoi modúl atá cuimsithe sa Chéim Mháistreachta). Is é an clár oiliúna seo an t-aon oiliúint idirghabhála teaghlaigh tríú leibhéal atá nasctha le hOllscoil in Éirinn. Reáchtáiltear an oiliúint gach bliain ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Bealtaine. Faoi láthair, tá cúigear oiliúnaithe ar socrúchán leis an SIT do chlár oiliúna 2013-2014. Cinntíonn leanúint an chláir oiliúna go ndéantar caighdeán agus líonta na n-idirghabhálaithe Teaghlaigh atá ar fáil le hoibriú ar conradh don SIT a choimeád agus a mhéadú.

# Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Cé gur bhain sainchúram reachtúil an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil go príomha le cúnamh dlíthiúil sibhialta go dtí seo, chomhaontaigh an Rialtas in 2010 chun sainchúram an Bhoird a fhairsingiú tríd an bhfreagracht as riar agus bainistiú na Scéimeanna éagsúla um Chúnamh Dlíthiúil a aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Dheimhnigh cinneadh an Rialtais go n-aistreofaí an fhreagracht as na Scéimeanna a leanas go dtí an Bord:

- An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil
- Scéim Ad-hoc an Ard-Aighne
- Scéim Chomhairle Dlí Ad-hoc Stáisiúin na nGardaí
- Scéim Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla
- Scéim Ad-hoc na Cúirte Dúiche (Abhcóide).

Aistríodh an fhreagracht as riar Scéim Chomhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí chuig an mBord an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus as an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta (Scéim an Ard-Aighne roimhe seo) an 1 Meitheamh 2012.

Táthar ag súil go n-aistreofar an sainchúram i leith Scéim Ad-hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (BSC) go dtí an Bord in 1 Eanáir 2014 agus Scéim Ad-hoc na Cúirte Dúiche (Abhcóide) go luath in 2014. Tá coinne leis an reachtaíocht a fhorálfaidh aistriú na príomh-Scéime um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil in 2014.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an taithí a fuarthas leis na Scéimeanna a oibriú go dtí seo eolas agus cúnamh don Bhord agus iad ag ullmhú don dúshlán a bhaineann leis na Scéimeanna eile a riaradh agus, go háirithe, an Scéim níos fairsinge um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil.

## Scéim Chomhairle dlí Stáisiúin na nGardaí

Cuireadh Scéim Stáisiúin na nGardaí ar bun le comhairle dlí saor in aisce a sholáthar do dhaoine atá á gcoinneáil i Stáisiúin na nGardaí agus atá i dteideal de réir critéir incháilitheachta ar leith. Is é seo a leanas an caiteachas foriomlán ar an Scéim le blianta beaga anuas:

**Tábla 17: Caiteachas ar Scéim Chomhairle Dlí Stáisiúin na nGardaí**

| Bliain | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas € | 0.8m | 0.9m | 1.2m | 1.3m | 1m |

Le linn 2013, phróiseáil an Bord nach mór 4,000 éileamh a fuarthas ó 235 gnóthas aturnaetha maidir le breis agus 7,700 comhairliúchán coimeádaí i Stáisiúin na nGardaí.

Chuir na feabhsúcháin ar éifeachtúlacht i rialachas na Scéime a thug an Bord isteach in 2012, i bhfoirm an phróisis chuíchóirithe éileamh, Cáipéis nua Treorach agus bunachar sonraí saincheaptha a d'fhorbair an Bord, lena hoibriú éifeachtach in 2013. Ar a bharr sin, cabhróidh an réimse níos fairsinge de staitisticí atá ar fáil anois leis an Roinn maidir lena bhforbairt leanúnach beartais i dtaca le coinneálacha i Stáisiúin na nGardaí agus, go sonrach, cabhróidh siad sa phróiseas chun ullmhúcháin a dhéanamh do chur i bhfeidhm féideartha Threoir nua an AE maidir le Rochtain ar Dhlíodóir in Imeachtaí Coiriúla.

## Tábla 18: Scéim Chomhairle Dlí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil/Stáisiúin na nGardaí

## Tuarascáil Bhliantúil Staitistiúil 2013

| Staitisticí Ginearálta | | |
|---|---|---|
| 1 | Costas iomlán na n-éileamh údaraithe (roimh cháin) | €681,158 |
| 2 | Costas an mhíleáiste údaraithe | €13,161 |
| 3 | Líon foriomlán na n-éileamh a údaraíodh | 3,947 |
| 4 | Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 30, An tAcht um Chionta in Aghaidh an Stáit, 1939 (arna leasú) | 287 |
| 5 | Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 4, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984 (arna leasú) | 3,295 |
| 6 | Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 2, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996 (arna leasú) | 297 |
| 7 | Iomlán na n-éileamh a údaraíodh faoi Alt 50, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007 (arna leasú) | 68 |
| 8 | Iomlán na n-éileamh a údaraíodh maidir le hÉisteachtaí Sínte | 30 |
| 9 | Costas iomlán na nÉisteachtaí Sínte | €6,067 |
| 10 | Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair a údaraíodh maidir le tréimhse i rith an lae (9am-7pm) | 2,584 |
| 11 | Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair a údaraíodh maidir le tréimhse na hoíche (7pm-9am) | 1,380 |
| 12 | Líon iomán na gcomhairliúcháin aonair a údaraíodh maidir le tréimhse an deireadh seachtaine nó saoire bhainc | 824 |
| 13 | Líon iomlán na gcomhairliúchán aonair gutháin a údaraíodh | 2,941 |
| 14 | Líon iomlán na ngnóthas aturnaetha a raibh éilimh údaraithe acu | 235 |

## Tábla 19: Íocaíochtaí in 2013

| Íocaíochtaí in 2013 | |
|---|---|
| **Meáníocaíocht le gnóthas aturnaetha** | €2,899 |
| **Meánchostas in aghaidh éileamh aonair aturnae** | €173 |
| **Meánchostas in aghaidh an chomhairliúcháin aonair** | €87 |
| **Meánlíon na n-éileamh in aghaidh an ghnóthais aturnaetha** | 17 |
| **An costas ab airde ar éileamh aonair a próiseáladh** | €1,726 |
| **An costas ab ísle ar éileamh aonair a próiseáladh** | €40 |

## Cúnamh Dlí – Scéim Shaincheisteanna Coimeádta

Aistríodh freagracht as an Scéim seo ar ar tugadh Scéim Ad-hoc an Ard-Aighne roimhe seo, chuig an mBord an 1 Meitheamh 2012.

Is é cuspóir na Scéime chun cúnamh dlíthiúil a sholáthar do dhaoine, faoi chúinsí áirithe, óna dteastaíonn sé, ach nach féidir leo íoc as, agus sa chás nach bhfuil an cás clúdaithe ag Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta nó ag an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil. Tá rochtain ar an Scéim faoi réir mholadh na Cúirte ábhartha don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil go gcuirfí forálacha na Scéime ar fáil don iarratasóir. Socrú riaracháin neamhreachtúil is ea an Scéim ina ndéantar íocaíochtaí maidir le costais dlí sna foirmeacha dlíthíochta a leanas:

- Iarratais Habeas Corpus (Airteagal 40)
- Rúin Bhanna na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte
- Athbhreithnithe Breithiúnach ina bhfuil certiorari, mandamus nó toirmeasc agus lena mbaineann ceisteanna coiriúla nó ceisteanna ina bhfuil saoire an iarratasóra i mbaol
- Iarratais faoi Alt 50 den Acht um Eiseachadadh, 1965, Iarratais Eiseachadta agus Barántais Eorpacha Ghabhála.

Ó glacadh freagracht as an Scéim an 1 Meitheamh 2012, thug an Bord faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Scéime agus, ag eascairt ón bpróiseas sin, thug siad líon athruithe isteach ar an mbealach a sheoltar éilimh isteach, a dhéantar breithniú orthu, agus a phróiseáiltear iad a fhad le híocaíocht, agus bhí tionchar suntasach aige seo ar éifeachtúlacht na Scéime. Chun breis feabhais a chur ar rialachas na Scéime, thug an Bord Cáipéis chuimsitheach Treorach isteach ar fhorálacha na Scéime i Meitheamh 2013. I gcomhthráth, tugadh líon foirmeacha agus cáipéisí nua isteach chun breis feabhais a chur ar thrédhearcacht agus éifeachtúlacht an phróisis éileamh. Tugadh aiseolas dearfach faoi deara i dtaobh na gcáipéisí agus na bhfoirmeacha nua, agus rinneadh an teimpléad do na Cúirteanna agus do na cleachtóirí ábhartha dlí chun oibriú faoin Scéim as Cáipéis Forálacha agus Treorach na Scéime.

Oibríonn an Scéim faoi dhá phróiseas riaracháin ar leith, déileálann ceann amháin díobh le hIarratais ar Bhannaí na hArd-Chúirte i gceisteanna coiriúla agus déileálann an dara ceann le gach imeacht dlíthiúil eile (cúrsaí neamhbhannaí) a thagann faoi fhorálacha na Scéime.

In 2013, an chéad bhliain iomlán inar tháinig an Scéim faoina sainchúram, phróiseáil agus d'údaraigh an Bord 306 éileamh ina raibh 2.1 milliún Euro i gceist leo ar an iomlán i measc chúrsaí neamhbhannaí na Scéime. Féadtar a áireamh le cúrsaí neamhbhannaí na Scéime líon íocaíochtaí aonair le haturnaetha, abhcóidí, ateangairí agus iad siúd a sholáthair seirbhísí chun ionadaíocht a dhéanamh don Fhreagróir. Ar mhaithe le cuspóirí riaracháin, tá próiseas ar leith i gceist le haghaidh Iarratais Bhanna na hArd-Chúirte i saincheisteanna coiriúla. Faoin bpróiseas riaracháin i gcúrsaí Iarratais ar Bhannaí na hArd-Chúirte de chuid na Scéime, próiseáladh thart ar 1,820 éileamh in 2013 ar a raibh luach iomlán €1.3 milliún. Leagtar amach thíos réimse staitisticí a bhaineann le cur i bhfeidhm na Scéime ag an mBord don bhliain 2013 mar aon le roinnt figiúirí stairiúla caiteachais a sholáthraíonn beagán de chomhthéacs do na figiúirí siúd.

**Tábla 20: Scéim Shaincheisteanna Coimeádta an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil/Cúnaimh Dhlíthiúil**

**Tuarascáil Bhliantúil Staitistiúil 2013**

| Scéim Shaincheisteanna Coimeádta - Staitisticí Ginearálta 2013 | | |
|---|---|---|
| 1 | Líon na mbeochásana a glacadh ón Roinn an 1 Meitheamh 2012 | 68 |
| 2 | Líon na gcásanna nua a fuarthas sa Bhord | 312 |
| 3 | Líon na gcásanna a fuarthas ar ais ón CSSO | 225 |
| 4 | Líon na gcásanna a fuarthas ar ais ón DPP | 22 |
| 5 | Líon na gcásanna a fuarthas ar ais ó FSS | 3 |
| 6 | Líon foriomlán na gcásanna a bhí ar feitheamh freagartha ón CSSO ag deireadh 2013 | 46 |
| 7 | Líon foriomlán na gcásanna a bhí ar feitheamh freagartha ón DPP ag deireadh 2013 | 4 |
| 8 | Líon foriomlán na gcásanna a bhí ar feitheamh freagartha ó FSS ag deireadh 2013 | 0 |
| 9 | Líon na gcásanna a tugadh ar ais d'aturnaetha a bhí á bhfiosrú | 67 |
| 10 | Líon na gcásanna a údaraíodh agus a cuiread ar aghaidh lena n-íoc | 306 |
| 11 | Meánchostas in aghaidh an éilimh údaraithe | €5,645 |
| 12 | Luach iomlán na n-éileamh a údaraíodh * | €1,727,277 |

**Tábla 21: Cúnamh Dlíthiúil – Scéim Shaincheisteanna Coimeádta – Caiteachas Stairiúil Bliantúil**

| Scéim Shaincheisteanna Coimeádta/Caiteachas Stairiúil Bliantúil | |
|---|---|
| **2008** | 2m |
| **2009** | 1.6m |
| **2010** | 2.85m |
| **2011** | 3.6m |
| **2012** | 3.5m |
| **2013** | 3.4m |

# An tSeirbhís a Fhorbairt

Tugann Plean Corparáideach 2012-2014 an Bhoird tiomantas don mhéid a leanas a dhéanamh:

- Cur leis na tionscnaimh atá ar bun cheana féin chun feabhas a chur ar chostéifeachtúlacht agus ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

- Tionscnaimh nua seachadta seirbhíse a fhorbairt, chun dul i ngleic le héileamh méadaitheach agus béim ar an méid a leanas:

- Teicneolaíocht nua a fháiltiú, chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar riosca agus ar fheidhmíocht agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht sheachadadh na seirbhíse;
- Modhanna níos costéifeachtúla chun an tseirbhís a sheachadadh a fhorbairt, lena n-áirítear lánchumas bealaí neamhdhleathacha a bhaint amach chun díospóidí a réiteach; agus
- An cumas a fhorbairt chun limistéir nua oibre a chomhcheangal isteach in oibríochtaí na heagraíochta.

Thuairiscigh an Bord le blianta beaga anuas ar an méadú suntasach atá tagtha ar éileamh mar aon leis an laghdú atá tagtha ar na hacmhainní soláthair foirne atá ar fáil chun an tseirbhís a sholáthar. Dá dheasca seo, ní raibh an Bord, i dtromlach ár n-ionad, in ann a sprioc a bhaint amach lena chinntiú go n-éiríonn le gach uile iarratasóir incháilithe casadh le haturnae dá gcéad choinne laistigh de thréimhse cheithre mhí lena leanann seirbhís shubstainteach.

Mar thoradh ar na fachtóirí thuas, leanann an Bord le tréimhsí suntasacha feithimh a thabhairt le fios ag ionaid dlí i gcomhair coinní nach bhfuil tosaíocht ag baint leo (féach Tábla 9). Dá ainneoin sin, lean an Bord in 2013 le hiarrachtaí a dhéanamh chun bheith níos cruthaithí ina gcur chuige i leith sholáthar na seirbhíse.

**Tionscnaimh nua seachadta seirbhíse a fhorbairt chun dul i ngleic le héileamh méadaitheach agus an gá le seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht ar a bhfuil srian ar acmhainní**

Nuair is gá fanacht le coinne le haturnae, d'fhéadfadh réiteach fadhbanna éirí ní ba dheacra; deacrachtaí fadtéarma a chruthú maidir le caidreamh idir na tuismitheoirí atá i gceist i ndíospóid agus a leanaí; fadhbanna gaolmhara eascairt; agus tionchar a imirt ar theaghlaigh níos fairsinge agus fiú pobail níos fairsinge daoine. I 2012 chuir an Bord tús le próiseas 'triáise' ar bhonn píolótach i líon ionaid dlí ina bhfuil sé ar intinn go mbeidh cruinniú nach faide ná 45 nóiméad ag iarratasóirí lena n-aturnae laistigh de mhí amháin tar éis iarratas a dhéanamh ar ionad dlí. Cabhraíonn seo measúnú a dhéanamh ar an bhfadhb agus breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le dul i ngleic léi. Má oireann cás do chur chuige éagsúil, mar shampla, idirghabháil, féadtar é seo a bheartú. Má tharlaíonn gur féidir le faisnéis ábhartha cabhrú leis an duine chun saincheist a réiteach iad féin, is féidir an chomhairle sin a chur air/uirthi. Dar ndóigh, tharlódh go bhféadfadh réiteach cúirte bheith ar an gcur chuige ab fhearr agus cuirfear an chomhairle sin ar iarratasóir, seachas i gcásanna tosaíochta, agus sa chás siúd, beidh ar an duine sin fanacht leis an tseirbhís sin. Tá an Bord airdeallach nach seo an réiteach deiridh ar an bhfadhb maidir le tréimhsí feithimh ach braitheann siad gur cur chuige oiriúnach agus daonna é i dtráth ina bhfuil ach acmhainní teoranta ar fáil. Tugann Tábla 9 le fios na hionaid sin ina bhfuil an próiseas triáise i bhfeidhm agus an tionchar a imríonn sé.

Rinneadh tagairt ní ba luaithe don scéim nua de chúnamh dlíthiúil a d'eascair ón Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013, a achtaíodh in Iúil 2013, agus a dhéanann foráil do chúnamh nó comhairle dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine muinteartha duine mhairbh faoi roinnt cúinsí sonraithe i gCúirteanna na gCróinéirí. Tá an Bord leis an scéim a bhainistiú.

Rinneadh dul chun cinn, chomh maith in 2013 ar shineirgí a fhorbairt idir an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus na hIonaid Dlí, d'fhonn a chinntiú go sainaithnítear agus go n-úsáidtear na bealaí is éifeachtaí chun díospóidí a réiteach.

Faoi mar a luadh thuas, leanann an tionscnamh comhtháite idirghabhála lena mbaineann an tSeirbhís Chúirteanna, an SIT agus an Bord i dTeach an Charnáin i mBaile Átha Cliath le dul i mbun forbartha agus rinneadh seo a shíneadh chuig an Nás agus Corcaigh. Chruthaigh tionscadal an Charnáin coigiltí bliantúlaithe de bhreis ar €213,000, ar méadú os cionn €100,000 é seo ar an tréimhse 12 mhí a fhad le Meán Fómhair 2012. Chruthaigh an tionscadal nach mór 1,000 comhaontú roimh dheireadh 2013.

I dtaobh cúrsaí um chúnamh dlíthiúil coiriúil, rinneadh ullmhúcháin chun aistriú na freagrachta a aistriú do Scéim um Chúnamh Dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig an mBord ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh. Chomh maith leis sin, cuireadh breis beart i bhfeidhm chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an dá scéime Ad-hoc a bhí aistrithe chuig an mBord cheana féin.

**An cumas a fhorbairt chun limistéir nua oibre a chomhcheangal go rathúil isteach in oibríochtaí na heagraíochta**

Tá an chuid is mó de na limistéir um chúnamh dlíthiúil comhtháite nó á gcomhtháthú laistigh den Bhord anois. Chruthaigh aistriú na freagrachta chuig an mBord as an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh scóip i bhfad ní ba mhó chun daoine a shainaithint agus tacú leo chun díospóidí a réiteach ar an mbealach is fearr agus ní gá go mbeadh réiteach cúirte i gceist leo.

Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn in 2013 i dtreo réitigh a chríochnú d'aistriú scéim um chúnamh dlíthiúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte chuig an mBord agus meastar go dtarlóidh seo in 2014.

Faoi mar a tugadh faoi deara, aistreofar scéim um chúnamh dlíthiúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig an mBord an 1 Eanáir 2014 agus is dóchúil go mbainfidh an reachtaíocht a aistríonn an phríomhscéim um chúnamh dlíthiúil chuig an mBord deireadh amach an bhliain seo chugainn.

**Úsáid éifeachtach a bhaint den Teicneolaíocht**

Thaispeáin taithí idirnáisiúnta gur dócha go mbainfidh níos mó tábhachta le teicneolaíocht faisnéise ná mar a bhain riamh agus seirbhísí dlí agus idirghabhála á soláthar, agus beidh scrúdú a dhéanamh ar conas is fearr an TF a úsáid chun daoine a chur ar an eolas níos fearr i dtaobh sheirbhísí an Bhoird agus chun tacú le soláthar féin na seirbhísí ar cheann de thosaíochtaí an Bhoird in 2014.

In 2013, rinneadh breis dul chun cinn ar chóras bainistíochta cáis an Bhoird (EOS) agus tá fáil anois air ar thart ar 270 ríomhaire deisce sa Bhord. Críochnaíodh gné shuntasach den tionscadal uasghrádaithe a bhain le bunachar sonraí Thír Bhunaidh an Ionaid Cáipéisíochta Dídeanaithe i rith 2013. Soláthraíodh an chuid ba mhó den chistiú don tionscadal seo tríd an AE.

# Tacú le Seachadadh Seirbhíse

De bhua a samhla gnó, bíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ag brath ar struchtúr tacaíochta lárnach le soláthar seirbhísí a éascú agus a bhainistiú tríd a líonra ionaid dlí agus trí mhodhanna eile. Tá an struchtúr lárnach tacaíochta seo bunaithe i gCeannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín agus in oifig tacaíochta i mBaile Átha Cliath.

**Tacaíocht le Seirbhísí Dlí**


Tá deonú nó diúltú deimhnithe um chúnamh dlíthiúil á rialú ag an Acht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995, agus ag Rialacháin ghaolmhara. Cuireann samhail oibriúcháin an Bhoird ar chumas ionaid áitiúla dlí deimhniúcháin um chúnamh dlíthiúil a dheonú ar an gcuid is mó de chásanna dlí teaghlaigh na Cúirte Dúiche, agus is gnách nach mbíonn siad chomh casta agus chomh costasach céanna i gcomparáid le cásanna eile. Cé go ndéileálann an t-ionad ábhartha dlí le go leor de na cásanna seo go díreach, leithdháiltear an tromlach díobh ar chleachtóirí príobháideacha ar phainéal Chúirt Dúiche an Bhoird.

I dtaobh cásanna óna dteastaíonn ionadaíocht sa Chúirt Chuarda nó i gCúirteanna níos uachtaraí, faoi Rannóg Seirbhísí Dlí an Bhoird a bhíonn an fhreagracht as an bhfeidhm dhéanta cinntí, atá bunaithe i gCathair Saidhbhín. Déantar an cinneadh chun cúnamh dlíthiúil a dheonú nó a dhiúltú de bhun aighneachta ó dhlíodóir an ionaid ábhartha dlí, a leagann amach na fíricí suntasacha. Anuas air sin, tá an t-údarás maidir le caiteachas cásbhainteach, ar nós abhcóidí faisnéisithe nó tuarascálacha saineolaithe a sholáthar, ag Seirbhísí Dlí. Cuid lárnach is ea seo de ról rialaithe costais agus rialachais na rannóige. Tá an fheidhm dhéanta cinntí faoina dtugann Seirbhísí Dlí dírithe ar chinntiú go bhfuil na hacmhainní teoranta atá ar fáil ag an mBord dírithe ar na cásanna is oiriúnaí, amhail a cheanglaíonn an reachtaíocht.

In 2013, b’ann do 3,105 deimhniúchán arna ndeonú ag Seirbhísí Dlí mar thoradh ar aighneachtaí a rinne ionaid dlí thar ceann iarratasóirí, agus is laghdú beag seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Anuas air sin, dheonaigh an t-aonad 3,533 leasú ar dheimhniúcháin um chúnamh dlíthiúil sa bhliain. Údaruithe atá sna leasuithe seo, go héifeachtach, le haghaidh breis seirbhísí ar dheimhniúchán, ar nós abhcóide nó tuairisc leighis. Deonaíodh 579 údarú ar chásanna sula ndearnadh cinneadh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart deimhniúchán um chúnamh dlíthiúil a dheonú; ba thuairimí abhcóidí iad seo go príomha chun cabhrú le tuillteanais roinnt cásanna a dheimhniú.

Rinneadh 330 diúltú foirmiúil i leith cúnamh dlíthiúil toisc na critéir thuillteanais in 2013, agus rinneadh 130 diúltú breise ar leasuithe agus údaraithe eile. Tá ceart achomhairc ag iarratasóirí a ndiúltaítear dóibh agus leagtar amach sa mhír ar an gCoiste Achomhairc thuas an staid maidir leis an líon achomharc ar éisteadh leo.

**Cairt 7: Gníomhaíocht Aighneachtaí na Seirbhísí Dlí 2013**




Déanann Seirbhísí Dlí scéimeanna Cleachtóra Phríobháidigh an Bhoird a riar, chomh maith. I gcás scéim na Cúirte Dúiche, baineann íocaíocht na n-éileamh a fuarthas leis seo, de bhun deimhnithe a eisíodh, mar aon le déileáil le fiosrúcháin agus le hiarratais ar bhreis seirbhísí ó aturnaetha ar an bpainéal. Amhail a thugtar faoi deara sa chaibidil 'Seachadadh Seirbhíse', eisíodh 5,640 deimhniúchán de chuid na Cúirte Dúiche i rith na bliana.

Is iad an t-aonad an príomhphointe teagmhála, chomh maith, le haghaidh fiosrúchán ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile, ar nós cleachtóirí príobháideacha, cibé acu tríd an nguthán nó ar ríomhphost.

**Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta (Oibríochtaí)**

Tá an t-aonad seo freagrach as soláthar oibríochtúil seirbhísí dlí ar fud an líonra ionaid dlí. Díríodh go mór in 2013 ar leanúint leis an idirchaidreamh leis na hionaid dlí agus, go háirithe, bonn daingean a chur faoin gcóras TF-bhunaithe bainistíochta cáis a tugadh isteach i measc na heagraíochta in 2012. Dhírigh idirchaidreamh leis na hionaid dlí, chomh maith, ar chur chuige de shaghas 'triáise' a thabhairt isteach agus a fheabhsú mar fhreagairt ar na tréimhsí feithimh fada a bhí le seirbhísí a bhfuil iarratasóirí thíos leo, ar an drochuair. Tá sé mar chuspóir ag an gcur chuige 'triáise' a chinntiú go gcasann dlíodóir le hiarratasóir laistigh de thréimhse sách gearr ama d'fhonn gur féidir leo comhairle luath dlí a fháil. Anuas air sin, chuir an tAonad tús leis an bpróiseas a bhain leis na sineirgí a fheabhsú idir an soláthar seirbhísí dlí agus seirbhísí idirghabhála a sholáthar do dhaoine a bhíonn thíos le fadhbanna teaghlaigh d'fhonn roghanna níos feasaí a thabhairt do chliaint atá thíos le deacrachtaí den chineál seo ar conas a d'fhéadfaí na deacrachtaí a réiteach.

**Acmhainní Daonna**

Ba phríomhdhúshlán don Bhord i rith 2013 imlonnú lucht saothair an Bhoird a bhainistiú, ag féachaint do thionchar leanúnach an mhoratóra ar earcú na seirbhíse poiblí agus éileamh méadaithe ar sheirbhísí. Ba é príomhdhíriú iarrachtaí an Bhoird ar leibhéil soláthair foirne a choimeád sna limistéir sheachadta seirbhíse túslíne, sa mhéid ab fhéidir. Leagann Plean nua Lucht Saothair an Bhoird béim ar leith ar an ngné seo d'imlonnú na foirne.

Ina theannta sin, lean an Bord ag díriú ar bhainistíocht ghníomhach neamhláithreachta, agus mar thoradh air sin, laghdaíodh ráta aga dhíomhaoin an Bhoird anuas go dtí 3.8%, agus tá seo faoi bhun an mheáin le haghaidh na Seirbhíse Sibhialta.

Lean an Bord ag tacú leis an Straitéis Náisiúnta Intéirneach (JobBridge) i rith 2013 trí dheiseanna socrúchán oibre a chur ar tairiscint a mhéid le naoi mí ar fhad d'aturnaetha dífhostaithe a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil acu. Chuir triúr aturnaetha tús le socrúchán in 2013 agus lean ceathrar aturnaetha eile a chuir tús le socrúcháin JobBridge in 2012 lena n-intéirneacht isteach go dtí 2013. Ina theannta sin, d'éascaigh an Bord líon socrúchán i róil riaracháin túslíne. Chuir seisear foirne riaracháin tús le socrúchán i rith 2013 agus lean deichniúr eile a chuir tús le socrúchán in 2012 lena n-intéirneacht isteach go dtí 2013.

Cuimsítear i bPlean Gníomhaíochta Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh de chuid an Bhoird roinnt beart chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtaí an Bhoird agus chuir forálacha Chomhaontú Bhóthar Haddington leis seo. Léirítear an dul chun cinn a rinneadh ar líon beart a chur i bhfeidhm sa Phlean áiteanna eile sa tuarascáil seo.

**Foghlaim agus Forbairt**

Rinne an Straitéis reatha Foghlama agus Forbartha gach gníomh oiliúna a threorú in 2013, a chuimsíonn an tréimhse 2012-2014. Leagann an Straitéis seo an fhreagracht ar an Aonad Foghlama agus Forbartha chun cultúr foghlama a chothú san eagraíocht a fhreagraíonn do riachtanais eagraíochtúla a fhorbairt agus a bheith go hiomlán feasach ar shrianta airgeadais atá ag dul i méid, i gcomhthráth.

*Oiliúint a Cuireadh ar Fáil*

D'eagraigh/d'éascaigh an tAonad Foghlama agus Forbartha 855 lá oiliúna ar an iomlán in 2013. Cé go léiríonn seo laghdú foriomlán ar an mbliain roimhe sin, go mór mar gheall ar an gclár oiliúna faoinar tugadh sa bhliain sin ar an gcóras nua bainistíochta cáis, soláthraíodh dóthain oiliúna chun freastal ar fhoghlaim agus ar thosaíochtaí spriocthа eagraíochtúla forbartha, lena n-áirítear riachtanais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) le haghaidh aturnaetha an Bhoird.

*Clár Forbartha Ceannaireachta*

I gcaitheamh 2013, tugadh an chéad chéim den Chlár cuimsitheach Forbartha Ceannaireachta isteach i measc an uile aturnae a raibh poist bhainistíochta acu. Is éard a bhí i gceist leis an gclár iltaobhach seo measúnú iomlán 360 céim ar rannpháirtithe, agus cóitseáil phearsanta agus trí mhodúil ar leith d'oiliúint um fhorbairt ceannaireachta ina dhiaidh sin agus táthar ag súil leis go dtabharfar isteach i ngráid bhreise bhainistíochta na heagraíochta in am agus i dtráth.

Thacaigh an Bord le 27 iarratas ón bhfoireann chun tabhairt faoi chúrsa oideachais lasmuigh d'uaireanta oibre in 2013.

**Comhdháil Dlí Teaghlaigh**

Thit Comhdháil Dlí Teaghlaigh an Bhoird amach, ar comhdháil bhliantúil anois í, in OÉ, Gaillimh i Meitheamh 2013 agus phléigh sí an t-ábhar *'An bhfreastalaíonn próiseas reatha na gcásanna cúram leanaí sa chóras cúirte ar leas an linbh?'* Glacadh le cur chuige níos idirghníomhaí i mbliana ná mar a bhí i gceist in óstáil na comhdhála roimhe seo agus bhí glacadh an-mhaith leis an imeacht i measc na rannpháirtithe.

**An Próiseas Comhpháirtíochta**

Chas Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird ar a chéile trí huaire in 2013, ina bhfuil ceathrar duine dhéag a dhéanann ionadaíocht do na gráid agus na cumainn éagsúla atá sa Bhord. I measc na saincheisteanna a phléigh an Coiste i rith na bliana bhí:

- Ról, feidhm agus todhchaí an Choiste féin a bhí ag teacht chun cinn;
- Athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta;
- Comhtháthú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh isteach sa Bhord;
- Aistriú na freagrachta as Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta agus scéimeanna gaolmhara isteach sa Bhord;
- Suíomh buiséadta an Bhoird;
- Seachadadh seirbhíse; agus
- Teagmháil a dhéanamh le Ranna rialtais agus le máthair-Roinn an Bhoird maidir leis an gclár athchóirithe seirbhíse poiblí.

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**

Ba é príomhdhíriú aonad TFC an Bhoird i rith 2013 an córas bainistíochta cás dlí (EOS) a chothabháil agus an bonneagar sonraí a uasghrádú.

Is é an córas bainistíochta cás dlí an stór singil le haghaidh gach iarratasóra agus sonraí bainistíochta cás dlí. Áirítear leis sreabhadh caighdeánach oibre, litreacha agus fasaigh le haghaidh na n-imeachtaí faoinar thug an Bord. Cuimsíonn sé bainistíocht ama, bainistíocht airgeadais, scanadh, tuairisciú, an fhéilire lárnach/dialanna agus córas meabhrúcháin. Tugann sé don fhoireann amharc ar an gcomhad iomlán cliant/cásanna ón gcéad iarratas go dtí dúnadh an chomhaid. I dteannta thabhairt isteach an EOS bhí scanadh ag gach láthair ionad dlí. Áirítear le EOS bailiú cáipéisí inar féidir saghsanna éagsúla cáipéisí (lena n-áirítear cáipéisí scanta) a chur le chéile go huathoibríoch, a innéacsú agus na leathanaigh a uimhriú. Tá leas á bhaint as na bogearraí tuairiscithe lena ngabhann EOS chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid EOS agus réimse fairsing de thuarascálacha faisnéise gnó a chruthú. Caitheadh go leor ama agus acmhainní chun struchtúr bainistíochta faisnéise a dhearadh agus a thógáil. Roimhe seo, chruthaigh úsáideoirí na tuarascálacha chun bainistíocht a dhéanamh de láimh, a dhéantar a ghiniúint go huathoibríoch anois. Tá an córas ar fáil anois ar thart ar 270 ríomhaire deisce sa Bhord.

Bhain bonneagar Citrix an Bhoird deireadh a shaolré amach in 2013 agus theastaigh uasghrádú na gcrua-earraí agus na gcóras oibriúcháin araon. Ghlac an Bord leis an deis chun an timpeallacht seo a fhíorúlú d'fhonn an réiteach is costéifeachtúla a chur i bhfeidhm. Ba mhórthionscadal seo mar gheall go dtacaíonn an Bord le líonra de chaoga a dó láithreán.

In 2013, críochnaíodh an tionscadal uasghrádaithe, a bhí ar an gcéad chéim i nascadh Bhunachar Sonraí um Thír Bhunaidh an Ionaid Cháipéisíochta Dídeanaithe le tairseach um Thír Bhunaidh an AE. Rinneadh an tionscadal seo a fhaomhadh le haghaidh Chistiú an AE. Titfidh an chuid eile den tionscadal amach in 2014.

### Tacaíocht Eagraíochtúil

Déanann Aonad Eagraithe, atá bunaithe i gCathair Saidhbhín, punann mhaoine an Bhoird a bhainistiú. Bainistíonn an t-aonad seo soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear cothabháil, do gach ceann de na láithreacha ina n-áitíonn an Bord atá méadaithe go dtí 49 láthair tar éis gur aistríodh an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT). Cé gurb é príomhchuspóir an Aonaid a chinntiú go bhfuil gach láthair oiriúnach don chuspóir chun seirbhísí a sheachadadh, leag sé béim ar leith, le blianta beaga anuas, air seo a bhaint amach ar an mbealach is costéifeachtúla is féidir. Baineadh seo amach tríd an tairiscint chuí le haghaidh earraí agus seirbhísí a úsáid agus trí bhéim thréan a leagan ar thorthaí fabhracha a bhaint amach maidir le cíosanna sa chás gur éag léasanna nó sa chás gur tugadh faoi athbhreithnithe. Tá laghdú tagtha ar chostais oibriúcháin, dá réir sin, agus in 2013, b'ísle iad ná mar a bhí siad in 2006, in ainneoin gur tháinig méadú suntasach ar phunann mhaoine an Bhoird i dturas an ama, tar éis gur cuireadh maoin an SIT san áireamh.

Ba thionscadal tábhachtach amháin faoinar tugadh in 2013 aistriú ionad dlí Chill Chainnigh go háitreabh nua. Fuarthas áitreabh nua, níos mó agus níos nua-aimseartha agus rinneadh é a fheistiú ar chostas iomaíoch agus bhí cíos ní ab ísle bliantúil i gceist ná an t-áitreabh roimhe sin, agus chruthaigh seo sochar breise dúinn.

### Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Réitigh an Bord a ndara Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta in Iúil 2011. Ina theannta sin, rinneadh plean forfheidhmithe a réiteach chomh maith. Rinne an Roinn breithniú ar an Scéim in 2013 agus moladh roinnt athruithe agus cuireadh fiosrúcháin ar aghaidh. Rinneadh an Scéim a uasghrádú, a leasú agus a athsheoladh ar aghaidh. Tá faomhadh na Scéime ar feitheamh fhaomhadh na Roinne ach, i dturas an ama, leanann an Bord lena gceanglais a chomhlíonadh faoin gcéad Scéim agus ghlac siad bearta in 2013 chun roinnt de na hathruithe a dhéanamh ar a dtugtar breac-chuntas sa phlean forfheidhmithe don dara Scéim.

I rith 2013, tugadh freagra ar dhá fhiosrúchán ó oifig an Choimisinéara Teanga agus chuathas i mbun na ngníomhartha cuí leantacha sa chás gur theastaigh sé.

### Comhionannas agus Míchumas

Tá an Bord um Chúnamh Dlíthiúil tiomanta de shíor do rochtain chothrom a sholáthar ar a seirbhísí do gach duine, gan aird ar a gcúinsí nó ar a gcumas agus leanann siad lena chinntiú go gcloítear le forálacha an Achta um Míchumas, 2005 agus go gcomhlíontar an reachtaíocht chomhionannais go hiomlán. Baintear seo amach trína Straitéis Chomhionannais agus Mhíchumais. Rinneadh dul chun cinn leanúnach in 2013 le hinrochtaineacht ár seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear láithreán gréasáin, timpeallacht thógtha, formáidí inrochtana faisnéise agus beartas soláthair an Bhoird. Bíonn feidhm lárnach ag Oifigeach Idirchaidreamh Míchumais agus ag Oifigeach Rochtana an Bhoird lena chinntiú go gcomhlíonann an Bord a bhfreagrachtaí reachtúla chun seirbhísí inrochtana a sholáthar. Cuireadh tús le hobair in 2013 chun Straitéis nua Chomhionannais, Mhíchumais agus Inrochtaineachta a dhréachtú don Bhord agus cuirfear seo i bhfeidhm tar éis go n-éagann an straitéis reatha i Nollaig 2014.

## Bainistíocht Airgeadais

Tá Aonad Airgeadais an Bhoird freagrach as bainistíocht airgeadais na heagraíochta. I rith 2013, lean an tAonad ag tacú le hobair an Bhoird trí chórais chuntasaíochta éifeachtacha a chothú. Cuireadh tuarascálacha airgeadais rialta, chomh maith le tuarascálacha treimhsiúla ina ndearnadh anailís ar chaiteachas, ar fáil don lucht Bainistíochta, don Choiste Airgeadais agus don Bhord chun cabhrú leo bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar bhuiséad an Bhoird.

D'éirigh leis an Aonad an t-iniúchadh bliantúil a éascú faoina dtugtar thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Iniúchadh Inmheánach

In 2013, lean beirt chomhaltaí foirne le feidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird a sholáthar ar bhonn páirtaimseartha. Dhírigh a n-obair go príomha ar thabhairt faoi iniúchtaí ar leibhéal ionad dlí, a fairsingíodh in 2013 chun breithniú a dhéanamh ar roinnt gnéithe de bhainistíocht chomhaid chliaint tar éis moladh a fháil ón gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca. Cuireadh iniúchtaí ar na hionaid dlí a leanas faoi bhráid an Choiste i rith na bliana: Cill Chainnigh, Sráid Ghairdinéir, an tAonad um Fhaillí Leighis, Inis, an Longford, Cill Mhantáin, Gaillimh, Loch Garman agus Caisleán an Bharraigh. Anuas air sin, rinne an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh iniúchadh a chur i láthair ar chaiteachas taistil agus cothaithe don Choiste in 2013.

Chas Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird sé huaire i rith na bliana. Mar aon le breithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh, phléigh an Coiste Clár Riosca Chorparáidigh agus Tuarascáil Chorpraithe an Bhoird dhá uair sa bhliain. Príomhlimistéir eile ar ar dhírigh an Coiste ba iad iniúchadh bliantúil an Bhoird ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar aon le forbairtí maidir le córas nua bainistíochta cáis an Bhoird, EOS.

# Airgeadas

Léirítear ráitis airgeadais an Bhoird don bhliain 2013 in Aguisín 1.

**Ioncam**

Seo a leanas roinnt nótaí ar fhoinsí ioncam an Bhoird.

***(a) Deontas i gcabhair***

Amhail blianta roimhe seo, is éard atá i bhformhór ioncam an Bhoird ná deontas i gcabhair a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. B'ionann cistiú a sholáthar an Rialtas in 2013 agus €33.759 milliún, i gcomparáid le €32.922 milliún in 2012.

***(c) Ranníocaíochtaí***

Íocann daoine a soláthraítear seirbhísí dlí dóibh ranníocaíocht a bhaineann lena gcuid ioncaim agus, i gcásanna áirithe, a gcuid sócmhainní caipitiúla. Méadaíodh an ranníocaíocht íosta ar chomhairle dlí aníos go dtí €30 i Meán Fómhair 2013 aníos ó €10 agus méadaíodh an ranníocaíocht íosta ar ionadaíocht i gcúirt aníos go dtí €130 ó €50. Féadtar an ranníocaíocht íosta seo a tharscaoileadh i gcásanna cruatain. Bhí na ranníocaíochtaí a fuarthas in 2013 (€875,482) 5% níos airde ná iad siúd a fuarthas in 2012 (€832,292).

***(c) Aisghabháil costas***

Féadfaidh an Bord an costas a aisghabháil atá ar sheirbhísí dlí a sholáthar:

i. ón bpáirtí eile i ndíospóid, cibé acu mar thoradh ar ordú cúirte nó mar chuid de chomhaontú chun díospóid a réiteach, nó

ii. ón duine a bhfuil cúnamh dlíthiúil á fháil acu, as airgead/réadmhaoin a fuair an duine mar thoradh ar sheirbhísí dlí a sholáthar.

Féadfaidh an méid costas a aisghabhtar bheith éagsúil go mór ó bhliain go bliain, go háirithe má fhaigheann duine a fuair cúnamh dlíthiúil dámhachtain le haghaidh costas i gcás ina bhfuil sé ina acmhainn ag an bpáirtí eile íoc as na costais. Ní tharlaíonn seo, go ginearálta, i gcásanna dlí teaghlaigh, a chruthaíonn tromlach riar cásanna an Bhoird. B'ionann na costais a aisghabhadh in 2013 (€940,094) agus 37% níos airde ná in 2012 (€685,873).

**Caiteachas**

Nótaí iad seo a leanas ar na mórearraí caiteachais a léirítear i ráitis airgeadais 2013:

***1) Tuarastail***

Tháinig laghdú €280,000 ar chostais tuarastail agus ghaolmhara in 2013. Mar gheall ar thionchar Chomhaontú Bhóthar Haddington a bhí seo, go príomha.

***2) Costais chóiríochta agus bhunaíochta***

Tá laghdú €242,185 (5%) tagtha ar an gcaiteachas sa limistéar seo in 2013. Ba iad an éifeachtúlacht a baineadh amach le haistriú léasanna maoine na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh chuig an mBord ba mhó ba chúis leis seo.

### *3) Táillí agus costais dlí*

Cuimsítear roinnt gnéithe éagsúla sa teideal seo – féach Nóta 9 leis na cuntais – agus déantar tráchtaireacht ar gach ceann de na teidil éagsúla a leanas atá faoin iomlán:

#### *(i) Táillí abhcóidí*

Tháinig méadú €538,978 (11%) ar an gcaiteachas ar tháillí abhcóidí i gcomparáid le 2012.

Ba thoisc é an leibhéal méadaithe caiteachais maidir leis an LAB ann seo. Bheadh tionchar, chomh maith, ag an méadú ar éileamh ar chúnamh dlíthiúil sibhialta i rith 2012 ar tháillí abhcóidí.

Is ionann an fabhrú le haghaidh táillí abhcóidí, sa chás gur tugadh faoi obair ach nár lorgaíodh íocaíocht aisti, amhail an 31 Nollaig 2013 agus €4.353 milliún, suim atá 6.3% níos ísle ná an tsuim a bhí le sonrú ag deireadh 2012.

Léirítear sa tábla a leanas an treocht a bhí le sonrú sa chaiteachas ar tháillí abhcóidí maidir le cúnamh agus comhairle dlí le seacht mbliana anuas.

**Tábla 22: Táillí Abhcóidí**

| Bliain | Táillí Abhcóidí |
|---|---|
| **2007** | €4,903,000 |
| **2008** | €3,986,500 |
| **2009** | €5,125,472 |
| **2010** | €4,793,475 |
| **2011** | €4,889,622 |
| **2012** | €5,032,263 |
| **2013** | €4,493,286 |

#### *(ii) Táillí dlí (Finnéithe saineolaíocha etc.)*

Is iad na costais cásbhunaithe seo na costais bhreise a fhabhraíonn an Bord, anuas ar tháillí abhcóidí, agus seirbhís um chúnamh dhlíthiúil sibhialta agus chomhairle dlí á cur ar fáil do mhuintir an phobail. Eascraíonn suim an chaiteachais seo faoin teideal seo ó riachtanais na gcásanna a láimhseálann an Bord in aon bhliain ar leith.

B'ann do mhéadú 4% ar chaiteachas idir 2012 agus 2013.

#### *(iii) Scéim na gcleachtóirí príobháideacha*

B'ionann agus €3.279 milliún an caiteachas ar scéim na gcleachtóirí príobháideacha in 2013, arb ionann agus ach 8% níos airde seo ná toradh 2012.

Amhail an 31 Nollaig 2013, b'ionann agus €3.01 milliún an fabhrú le haghaidh táillí cleachtóirí príobháideacha, sa chás go raibh obair fabhraithe ach nár lorgaíodh íocaíocht di. B'ionann an fabhrú le haghaidh 2012 agus €2.537 milliún.

#### *(iv) Táillí Idirghabhála Gairmiúla*

In 2013, íocadh €507,000 le hidirghabhálaithe as obair faoinar tugadh thar ceann na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh. Ba mhéadú suntasach seo ar fhigiúr 2012 de €274,000.

### *(v) Táillí gairmiúla eile*

Baineann costais faoin teideal seo le fostú gairmeach ag an mBord chun seirbhísí neamhspleácha comhairle dlí agus seirbhísí gairmeach eile a sholáthar don Bhord. Bhí an caiteachas in 2013 i bhfad ní ab ísle ná in 2012 toisc gur cuireadh teideal ar leith san áireamh le haghaidh táillí Idirghabhála Gairmiúla. In 2012, cuireadh €274,000 a íocadh le hidirghabhálaithe as obair faoinar tugadh san áireamh i dtáillí gairmiúla eile.


### *(vi) Costais eile*

Bhí an caiteachas nach mór ceannann céanna le sonrú sa chatagóir seo in 2013 a bhí in 2012.


### *4) Riarachán ginearálta*

Bhí costais faoin teideal seo 16% níos ísle in 2013, arb ionann iad agus €1.783 milliún.

Léiríonn an chairt a leanas miondealú ar chaiteachas ag an mBord le cúig bliana anuas.



**Léiríonn Cairt 9 an bhaint atá idir cistiú an Oireachtais agus an caiteachas iarbhír le deich mbliana anuas.**




**Airgead sa bhanc agus ar láimh**

Léiríonn an Clár Comhardaithe go raibh €3.7 milliún ar láimh ag an mBord ag deireadh 2013. Áiríodh leis seo €1.046 milliún a bhí á choimeád thar ceann cliant. Is féidir a thabhairt faoi deara ó Nóta 14 leis na cuntais gurbh ionann tréchur chistí na gcliant in 2013 agus €4.57 milliún. Eascraíonn seo ó chásanna, mar thoradh ar chomhairle dlí nó ar ionadaíocht sa chúirt, go bhfaigheann cliaint airgead ón bpáirtí eile nó ó dhiúscairt réadmhaoine. Déantar an t-airgead go léir sin a chur i dtaisce i gCuntas um Chúnamh Dlíthiúil na gCliant i dtosach báire, sula dtugtar ar ais é do chliaint, lúide, i roinnt cásanna, suim maidir leis na costais a d'fhabhraigh an Bord le seirbhísí dlí a sholáthar. Tá an figiúr airgid sa bhanc, seachas ó chistí cliaint, cosúil leis an leibhéal caiteachais a fhabhraíonn an Bord gach mí agus meastar gur leibhéal réasúnta cistithe é a bheith ar láimh ag aon tráth amháin.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Ceanglaíonn Alt 4 den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ar an mBord chun íoc as soláthar earraí nó seirbhísí faoin dáta forordaithe íocaíochta. Is é an dáta seo, faoi láthair, 30 lá i ndiaidh sonrasc a fháil, nó tréimhse níos giorra, amhail a fhéadfar a shonrú i gconradh scríofa. Má theipeann ar an mBord chun íocaíocht a dhéanamh faoin dáta forordaithe íocaíochta, tá ús le híoc leis an soláthraí. Cinntíonn nósanna imeachta go gcloíonn an Bord ar gach bealach ábhartha le ceanglais an Achta. B'ionann an tsuim iomlán d'ús um íocaíocht dhéanach a íocadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i gcaitheamh 2013 agus €0.

# Aguisín 1

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

**Clár Ábhar** ***Leathanach***


| | |
|---|---|
| **An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird** | *52* |
| **An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais** | *53* |
| **Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** | *56* |
| **An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta** | *57* |
| **An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | *60* |
| **Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán** | *61* |
| **An Clár Comhardaithe** | *62* |
| **Sreabhadh Airgid** | *63* |
| **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais** | *64* |

# An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 20 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995 ar an mBord chun gach cuntas ceart agus rialta a choimeád, i cibé foirm fhaomhfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le toiliú an Aire Airgeadais, ar aon airgead a fuair siad nó a chaith siad.

Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Chomhairle i mbun feidhme; agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20 den Acht. Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, dá bhrí sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Muriel Walls
Cathaoirleach

David Garvey
Comhalta Boird

# An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Ar son Bhord an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, aithním go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú don eagraíocht.

2. Ní fhéadfaidh an córas sin ach dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt i leith aon earráide ábhartha. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais á breithniú, bíonn aird ag an mBord, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

3. Is measc na bpríomhnósanna imeachta a chuir an Bord i bhfeidhm, atá in ainm is rialú inmheánach airgeadais a sholáthar, tá an méid a leanas:

   - Timpeallacht Rialaithe: déantar feidhmeanna bainistíochta agus feidhmiúcháin an Bhoird a tharmligean don Phríomhfheidhmeannach agus do bhainistíocht shinsearach na heagraíochta trí réitigh an Bhoird reachtúil, a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar obair na bainistíochta sinsearaí, a dhéanann tuairisciú dóibh ag a gcruinnithe míosúla agus trína gcoistí éagsúla. Forbraíodh Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh in 2006 chun achoimre shoiléir agus chuimsitheach ar phríomhghnéithe an rialachais chorparáidigh a sholáthar don Bhord agus don bhainistíocht shinsearach. Rinneadh gníomhartha le comhlíonadh an Chóid leasaithe Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a chinntiú, a foilsíodh i Meitheamh 2009. I measc na ngníomhartha seo bhí Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh an Bhoird a leasú chun Cód Cleachtais 2009 a chur san áireamh agus d'fhaomh an t-iarBhord an Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh ag a gcruinniú i Samhain 2009. Anuas air sin, d'fhaomh an t-iarBhord Cód leasaithe Iompar Gnó le haghaidh Comhaltaí Boird i nDeireadh Fómhair 2009. Amhail a cheanglaítear faoi Chód Cleachtais 2009, d'fhorbair agus chuir an Bord Beartas Taistil i bhfeidhm le linn 2009 ina leagtar amach conas a chomhlíonann an Bord rialacháin agus treoirlínte reatha na Roinne Airgeadais maidir le taisteal agus cothabháil. Faomhadh agus cuireadh beartas um chosc ar chalaois airgeadais don Bhord i bhfeidhm i rith 2008, lena n-áirítear, i measc rudaí eile, nósanna imeachta inar féidir le fostaithe an Bhoird, go rúnda, buarthaí a thabhairt chun solais faoi neamhrialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais agus saincheisteanna eile agus a chinntiú go dtugtar faoi na saincheisteanna siúd ar bhealach bríoch. Cuireadh i gcrích Beartas um Sholáthar Corparáideach i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh é faoi bhráid na gCoistí Airgeadais agus Iniúchta agus Bainistíochta Riosca le haghaidh faisnéise sular cuireadh i bhfeidhm é. Ceapadh an Bord reatha i Nollaig 2011 agus tugadh faisnéis iomlán don Bhord maidir lena bhfeidhmeanna agus freagrachtaí.

   - Córais Faisnéise Buiséid: tá ag an mBord córas cuimsitheach buiséadta, lena n-áirítear faomhadh buiséad bliantúil agus monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha míosúla airgeadais ag an mBord reachtúil. Sa mhullach air sin, úsáidtear buiséid chun pleanáil, údarú, monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar an mbealach a dheimhnítear, a leithdháiltear agus a chaitear cistiú an Bhoird. I measc na socruithe le haghaidh rialú buiséadta, tá faisnéis rialta, ábhartha agus thráthúil a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach limistéar agus glactar gníomhartha ceartaithe nuair is gá. Coiste den Bhord iad an Coiste Airgeadais a dhéanann breithniú sonrach ar airgeadas an Bhord agus a dhéanann tuairisciú don Bhord i dtaca le gnóthaí agus beartais airgeadais an Bhoird. Áirítear leis seo athbhreithniú ar bhuiséid agus ar thuarascálacha airgeadais, an moladh a dhéantar don Bhord i leith fhaomhadh chuntais bhliantúla an Bhoird agus breithniú sonrach a dhéanamh ar ábhair airgeadais d'fhonn moltaí oiriúnacha a dhéanamh don Bhord agus chun comhairle a chur ar an

mbainistíocht. Déanann an Bord nó an bhainistíocht cinntí, de réir mar is gá, agus aird ar mholtaí agus ar chomhairle an choiste. Chas an Coiste Airgeadais le chéile seacht n-uaire i rith 2013 agus, mar chuid dá bhfeidhmeanna, rinne siad scrúdú sonrach ar thrí limistéar caiteachais: Oiliúint; Costais Bhunaíochta Eile; agus Táillí Gairmiúla. Le dhá bhliain anuas, rinne an Coiste scrúdú ar ocht bpríomhlimistéar de chaiteachais. I gcaitheamh 2013, anuas ar na tuarascálacha míosúla airgeadais, rinne an Coiste breithniú ar dhá athbhreithniú ráithiúla airgeadais agus ar athbhreithniú lár na bliana ar airgeadas.

- Bainistíocht Riosca: ghlac an Bord le beartas Riosca Bainistíochta agus chuir siad i bhfeidhm é agus coimeádann siad Clár Rioscaí foirmiúil ina sonraítear rioscaí gnó agus maolú, rialú agus gníomhartha gaolmhara le haghaidh ghnéithe uile ghníomhaíochtaí an Bhoird trí theicnící um anailís riosca a chur i bhfeidhm dá dteicnící gnó. Cuireadh prionsabail um anailís riosca i bhfeidhm go córasach do chuspóirí gach Plean Gnó don Bhord agus tá bainistíocht riosca ina cuid lárnach den phróiseas Pleanála Gnó. Ar cheann d'fheidhmeanna Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird is ea tuairim neamhspleách a sholáthar ar leorgacht shocruithe bainistíochta riosca an Bhoird. I bhFeabhra 2009, chomhaontaigh an t-iarChoiste chun a gcuid nósanna imeachta agus téarmaí tagartha a athrú lena léiriú an tábhacht agus an díriú méadaithe ar riosca corparáideach a bhainistiú. Mar thoradh ar an athrú seo, rinneadh an Coiste a ateidealú mar an gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (an Coiste Iniúchta roimhe seo). Rinneadh ball seachtrach leis an mBord a athcheapadh don Choiste nua in Eanáir 2012. I Márta 2010, cuireadh i bhfeidhm córas foirmiúil tuairiscithe damhnaithe riosca ar aon rioscaí féideartha agus fíor-rioscaí nó ar tharlú neasteagmhas. Bhí an tuairisc bunaithe ar Chlár Rioscaí Corparáideacha an Bhoird agus déantar í a nuashonrú i gcomhar leis an gclár rioscaí ar bhonn débhliantúil. Leasaíodh clár riosca an Bhoird in Eanáir 2013 chun gach limistéar aonair den Bhord a léiriú agus na rioscaí ar leith a bhaineann le gach limistéar lena chinntiú go ngabhtar gach riosca agus go n-uasmhéadaítear cur chuige rioscadhírithe. Cuireadh leagan athbhreithnithe an chláir riosca faoi bhráid an Choiste in Eanáir. Cuireadh an clár rioscaí agus na tuairiscí corpraithe rioscaí faoi bhráid an Choiste i bhFeabhra agus i nDeireadh Fómhair 2013. Ghlac an t-iarChoiste le moltaí a d'eascair ó athbhreithniú an Bhoird ar an bpróiseas iniúchta inmheánaigh i nDeireadh Fómhair 2010. Mar chuid den athbhreithniú seo, thug an Bhainistíocht faoi scrúdú ar chumas agus ar ról fheidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird agus thug siad tograí chun cinn ar an tsaincheist seo leis an iar-Choiste. Shainaithin an t-athbhreithniú, i measc rudaí eile, gur cheart dul i gcomhairle an chláir rioscaí agus gur cheart na limistéir is airde riosca a shainaithint i gcomhthéacs na bpríomhlimistéar le haghaidh scrúdú a shainaithint ag an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Rinne an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca tograí a chomhaontú a sholáthair feidhm ní ba mhó don fheidhm iniúchta inmheánaigh agus comhaid chliaint á scrúdú. I Márta 2013, fairsingíodh scóip na n-iniúchtaí inmheánach ar ionaid dlí chun gné d'athbhreithniú comhad a áireamh, faoi mar a mhol an Coiste. Ta dhá thuarascáil shonracha monatóireachta riosca forbartha ag an mBord ar an gcóras bainistíochta cás dlí chun cabhrú leo monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar riosca agus cuireadh na tuarascálacha seo faoi bhráid an Choiste. Tá coinne leis go ndéanfar uirlis ríthábhachtach bhainistíochta den chóras bainistíochta cás dlí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid amach anseo. Chas an Coiste ar a chéile sé huaire in 2013.

- Nósanna Imeachta: tá treoracha agus nósanna imeachta airgeadais ag an mBord a shainítear go soiléir, lena n-áirítear teorainneacha tarmligthe caithimh agus údaraithe agus leithdheighilte dualgas, a faomhadh ag réiteach an Bhoird reachtúil. Anuas air sin, is iad an Bord a fhaomhann caiteachais ar chonarthaí ar fiú breis agus €65,000 iad, agus cuirtear Coiste Airgeadais an Bhoird reachtúil ar an eolas ar gach conradh ar fiú breis agus €10,000 é agus ar fiú níos lú ná €65,000 é. I rith 2013, thug feidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird faoi iniúchtaí ar chuntais agus nósanna imeachta in aon cheann déag d'ionaid dlí an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca ról fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh a fhairsingiú in 2012 chun scrúdú ar cheisteanna eile a áireamh in ionaid dlí, anuas ar mheasúnú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha airgeadais.

- Monatóireacht a dhéanamh ar Rialú Inmheánach: tá ag an mBord feidhm Iniúchta Inmheánaigh, a ndéanann Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca an Bhoird Reachtúil a gclár bliantúil iniúchta a fhaomhadh, agus i measc a bhfeidhmeanna tá athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de na rialuithe inmheánacha airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar obair agus ar mholtaí na feidhme Iniúchta Inmheánaigh agus déanann siad monatóireacht ar an ngníomh a dhéanann an bhainistíocht chun aon saincheisteanna a réiteach a sainaithníodh. Ghlac an t-iarChoiste le Cairt le haghaidh fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an Bhoird go luath in 2011. Leagtar amach sa Chairt na róil agus na freagrachtaí atá ag an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, lena n-áirítear gnéithe pleanála, tuairiscithe agus freagrachta a n-oibriúcháin. Sa mhullach air sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar gach mórthuarascáil a fhaigheann an Bord ó na hiniúchóirí seachtracha, lena n-áirítear freagairtí na bainistíochta orthu seo agus déanann siad moltaí ar na saincheisteanna a tugadh chun solais. Tugtar comhfhreagras leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear an Litir Bhainistíochta Iniúchta, agus aon saincheisteanna a tugadh chun solais, chun airde an Choiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca agus an Bhoird reachtúil, a chinntíonn go dtéitear i mbun gníomhartha ar na saincheisteanna a tugadh chun solais. Thug an Coiste faoi deara an t-iarmheasúnú a sholáthair Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar dhá iniúchadh ar tugadh fúthu roimhe seo. Tig liom a dhearbhú go ndeachthas i ngleic le gach saincheist a tugadh chun solais ó thráth iniúchadh 2012 i leith agus gur glacadh le haon mholtaí ábhartha. Ceanglaítear ar an gCoiste Iniúchta agus Bainistíochta Riosca tuarascáil fhoirmiúil a chur i dtoll a chéile laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na bliana féilire, ina dtugtar breac-chuntas ar a ngníomhaíochtaí, mar aon leis an gcomhairle agus na moltaí sin a mheasann siad is oiriúnach. Tugadh tuarascáil an Choiste i gcrích i Márta 2014 agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird í i gcomhar le freagairt na Bainistíochta ag a gcruinniú an 25 Aibreán 2014.

Dearbhaím i rith na bliana sin dar críoch an 31 Nollaig 2013, gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais an Bhoird.

______________________________

Muriel Walls
Cathaoirleach
Dáta: 18th Meán Fómhair 2014

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

**An Ciste Cúnaimh Dhlíthiúil**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cúnaimh Dlí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 1995. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas gnóthachan agus caillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar riocht ghnóthaí an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Rinne mé m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) agus i gcomhlíonadh Chaighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

**Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais**

Baineann iniúchadh leis an bhfaisnéis faoi na méideanna agus na neamhchosaintí sna ráitis airgeadais a fháil, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Bhoird nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach nó nár cuireadh agus cibé ar nochtadh iad ar bhealach sásúil nó nár nochtadh.
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na Ráiteas Airgeadais

Féachaim d'fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta chomh maith.

Lena chois sin, léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile sa Tuarascáil Bhliantúil d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar mhíráitis fhollasacha nó ar neamhréireachtaí follasacha ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bheadh i gceist do mo thuarascáil.

**Tuairim ar na Ráitis Airgeadais**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil ag 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is í mo tuairim ná gur choinnigh an Bord leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Cúrsaí ar a ndéanaim Tuairisciú trí Eisceacht**

Déanaim tuairisciú trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- má thugaim aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nuair nár caitheadh suimeanna airgid chun na críocha sin ar ceapadh iad nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráitis maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Bord ag cloígh leis an gCód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit, nó
- má thagaim ar chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a stiúradh gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisciú trí eisceacht.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**30 Mean Fomhair 2014**

# An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

**Ginearálta**

Tá an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, dá bhforáiltear faoi Alt 19 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 á mbainistiú ag Bord um Chúnamh Dlíthiúil a cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Is éard atá sa Chiste gach acmhainn airgeadais den Bhord. In 2013, d'oibrigh an Bord as 33 ionad lánaimseartha agus 12 ionad pháirtaimseartha ar fud na tíre.

**An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh**

Aistríodh freagracht as an tseirbhís seo chuig an mBord i Samhain 2011.

Áirítear caiteachas ar an tseirbhís seo sna ráitis airgeadais mar seo a leanas:

| | €000 |
|---|---:|
| Tuarastail | 1,522 |
| Táillí Idirghabhála Gairmiúla | 519 |
| Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta | 775 |
| Riarachán ginearálta | 209 |
| Caiteachas iomlán 2013 | 3,025 |

**Aistriú Feidhmeanna**

An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

